Athbhreithniú ar Straitéis BFFG 2002– 2011

“Ó Straitéis go Gníomh” 2006 – 2008

Bord Forbartha Fhine Gall

Forbairt Fhine Gall

RÁITEAS BUNCHUSPÓRA

"Gníomhóidh Bord Forbartha Fhine Gall mar chatalaíoch le soláthar tráthúil, éifeachtach riachtanas bonneagair agus seirbhíse chontae a bhfuil an daonra agus an geilleagar is gaiste fás in Éirinn aige, a éascú. Agus seo á bhaint amach aige, tabharfaidh sé aird ar leith ar fhorbairt inbhuanaithe, ar chomhionannas, ar chomhtháthú sóisialta agus ar shaibhriú cultúrtha."

FÍS D'FHINE GALL

"Faoin bhliain 2011, is réidh a aithneofar Fine Gall mar chontae a bhfuil aitheantas sainiúil sóisialta agus cultúrtha aige agus atá ag baint tairbhí as forbairt inbhuanaithe agus mar áit a mbeidh comhfhreagracht ar chónaitheoirí agus eagraíochtaí as buntáistí uile an chontae a uasmhéadú le caighdeán na beatha a fheabhsú do gach duine."

Bord Forbartha Fhine Gall
Bosca 174, Áras an Chontae, Sord, Fine Gall, Co. Átha Cliath.
Teil: 01 890 5095. Facs: 01 890 5109.
r-phost: fingaldev@fingalcoco.ie
idirlíon: www.fdb.ie

Athbhreithniú ar Straitéis BFFG 2002 – 2011

Bord Forbartha Fhine Gall

Forbairt Fhine Gall

"Ó Straitéis go Gníomh" 2006 – 2008

Le leagan Gaeilge den tuarascáil seo a fháil déan teagmháil le hoifigí Bhord Forbartha Fhine Gall

Léarscáil Fhine Gall

CLÁR ÁBHAR

Léarscáil Fhine Gall

Réamhrá an Chathaoirligh **4**

Ráiteas an Stiúrthóra **5**

Caibideal 1 BFFG 2000 – 2005 **6**

Caibideal 2 STRAITÉIS ATHMHEASTA BFFG 2006 – 2008 **8**
BEART 1 – FÓRAM IOMPAIR CHOMHTHÁITE 9
BEART 2 – FÓRAM PHÁIRTITHE LEASMHARA AERFORT ÁTHA CLIATH 10
BEART 3 – FORBAIRT GHEILLEAGRACH 11
BEART 4 – BRANDA CONTAE 12
BEART 5 – FOSTAÍOCHT DO MHIONLAIGH EITNEACHA 13
BEART 6 – OILIÚINT I BHFEASACHT AR ÉAGSÚLACHT CHULTÚRTHA 14
BEART 7 – SEIRBHÍSÍ AISTRIÚCHÁIN 15
BEART 8 – BEALACH ISTEACH DO DHAOINE MÍCHUMASAITHE 16
BEART 9 – FOSTAÍOCHT DO LUCHT SIÚIL 17
BEART 10 – OIDEACHAS 18
BEART 11 – FÓRAM PHÁIRTITHE LEASMHARA SEIRBHÍSÍ SLÁINTE 19
BEART 12 – CROÍLÁR SONRAÍ FHINE GALL 20
BEART 13 – FÓRAM PÓILÍNEACHTA 21
BEART 14 – BEALACH FHINE GALL 22
BEART 15 – AG PLEANÁIL DO GHNÓTHACHAN POBAIL 23
BEART 16 – TIONSCADAL FUINNIMH 24

CAIBIDEAL 3 SEIRBHÍSÍ COMHTHÁITE
COISTÍ AGUS TIONSCADAIL EILE AN BHOIRD 25
AG DÉANAMH IONADAÍOCHTA LE LEAS AN BHOIRD 26
CUMARSÁIDÍ AGUS NA MEÁIN CHUMARSÁIDE
27

CAIBIDEAL 4 CUR I BHFEIDHM BFFG **28**

AGUISÍNÍ
AGUISÍN A – MÉADÚ DAONRA 32
AGUISÍN B – BONNLÍNTE TASCAIRÍ 35
AGUISÍN C – CRUINNITHE ATHBHREITHNITHE 2005/06 36
AGUISÍN D – COMHALTAS AN BHOIRD AGUS NA GCOISTÍ 37
AGUISÍN E – GIORRÚCHÁIN 39

Léarscáil – Comhchruinniú Cónaitheoirí Nua i bhFine Gall **40**

“Ó Straitéis go Gníomh”

Réamhrá an Chathaoirligh

Mar Chathaoirleach ar Bhord Forbartha Fhine Gall, fáiltím roimh fhoilsiú na Straitéise Athmheasta d’Fhorbairt Gheilleagrach, Shóisialta agus Chultúrtha Fhine Gall 2006 – 2008.

Is de bharr athbhreithnithe a rinneadh sa dara leath den bhliain 2005 atá an Straitéis ann. Léirigh an próiseas athbhreithnithe an riachtanas le freagra leanúnach ilghníomhaireachta ar an iomad dúshlán atá os coinne chontae nua Fhine Gall. Is é an toradh atá air sin ná straitéis ina bhfuil sé cinn déag de bhearta lárnacha a mbeidh tionchar suntasach acu ar chaighdeán beatha shaoránaigh Fhine Gall, nuair a chuirfear i bhfeidhm go hiomlán iad.

Agus na bearta nua seo á gcur i láthair ag BFFG, leanfaidh sé de chomhlíonadh na ndualgas eile atá curtha air ag an Rialtas láir ó cuireadh ar bun é, mar shampla Comhairle na nÓg, monatóireacht ar Phleananna Gníomhaíochta do Lucht Siúil agus monatóireacht leanúnach ar phleannna agus ar thionscadail an Bhoird maidir le cuimsitheacht shóisialta.

Tugann Caibideal 3 den Straitéis achoimre mhionsonraithe ar an phróiseas forfheidhmithe agus leagann sé amach róil agus freagrachtaí na nGníomhaireachtaí Comhordaithe agus na gComhpháirtithe Rannpháirteacha. Le réaltacht a dhéanamh den Straitéis caithfear an tiomantas a gealladh agus acmhainní na ngníomhaireachtaí seo a réadú.

Ba mhaith liom mo bhuíochas do mo chomhoibrithe ar an Bhord a thug a gcuid ama agus a saineolas go flúirseach ag an iomad cruinniú, idir chruinnithe Boird agus chruinnithe fhoghrúpaí den Bhord, le linn an phróisis athbhreithnithe, a chur ar an taifead. Ba mhaith liom fosta buíochas an Bhoird a chur in iúl don Stiúrthóir agus don fhoireann a d’éascaigh na cruinnithe athbhreithnithe go héifeachtach agus a sholáthraíonn an tacaíocht rúnaíochta agus riaracháin atá mar bhonn ag obair an Bhoird.

Ráiteas an Stiúrthóra

Tá lúcháir orm Straitéis Athmheasta Bhord Forbartha Fhine Gall "Ó Straitéis go Gníomh" 2006 – 2008 a chur i láthair. Leagann an Straitéis seo amach roinnt teoranta beart le comhtháthú a chruthú – sé cinn déag ar fad – atá le cur i bhfeidhm ag gníomhaireachtaí comhaltais an Bhoird thar na trí bliana seo chugainn agus an cuspóir foriomlán acu cur chuige níos comhnasctha a bhaint amach maidir le soláthar seirbhísí áitiúla sa chontae.

Tháinig méadú mór ar dhaonra Chontae Fhine Gall sna deich mbliana seo caite. Is é 236,000 an daonra measta i 2006 agus táthar ag súil go méadóidh seo go 285,000 faoi 2011. Is iomaí tairbhe shóisialta agus gheilleagrach a thug an méadú daonra seo chuig an Chontae ach tugann sé dúshlán suntasach fosta maidir le riar do riachtanais phobal nua go háirithe i dtéarmaí seirbhísí pleanála, oideachais, tithíochta, iompair, cúraim leanaí agus sláinte.

Léirigh na trí bliana seo caite an méid is féidir a bhaint amach nuair a chuimsíonn an iomad gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus Ranna Rialtais éagsúla atá ag feidhmiú i bhFine Gall óna gcroí amach coincheap traidisiúnta Gaelach "meitheal" – nó comhoibriú. Mar gheall ar scála na hoibre atá romhainn is tábhachtaí ná riamh go gcomhoibrímid le chéile le contae céimiúil a dhéanamh d'Fhine Gall, áit a bhfuil bród ar dhaoine cónaí agus oibriú inti.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do chomhaltaí an Bhoird as a gcomhoibriú agus a rannpháirtíocht sa phróiseas athbhreithnithe agus don fhoireann as toradh na gcruinnithe sin uilig a chur le chéile i ndoiciméad cuíchóirithe amháin – is mór an éacht é.

Ba mhaith liom fosta buíochas ar leith a thabhairt do Bhainisteoir Contae Fhine Gall, John Tierney, as an tacaíocht fhial phraiticiúil agus as na hacmhainní móra airgeadais a chuir sé ar fáil don Bhord.

“Ó Straitéis go Gníomh”

CAIBIDEAL 1 BFFG 2000 – 2005

Réamhrá

Bhí BFFG ar cheann de 34 Bord Forbartha a bunaíodh ar fud na tíre i 2000, agus an cuspóir acu comhordú agus comhtháthú níos fearr a thabhairt isteach i soláthar gach seirbhíse poiblí agus gach seirbhíse a mhaoinítear go poiblí ag leibhéal áitiúil. Tá achoimre ar an phrionsabal atá mar bhonn agus thaca ag obair na mBord sa sliocht seo a leanas ag an Aire Noel Dempsey i *Fís Nua dár gContaetha agus dár gCathracha:*

“Léiríonn na Boird Forbartha Contae/Cathrach bealach nua don tseirbhís phoiblí le smaoineamh agus le feidhmiú. Tarraingíonn siad ar choincheap traidisiúnta Gaelach meitheal – nó comhoibriú. Tugann na Boird na himreoirí uilig le chéile go háitiúil – gníomhaireachtaí na hearnála poiblí, na comhpháirtithe sóisialta agus, an rud is tábhachtaí, pobail áitiúla agus an earnáil dheonach le cur le chéile i bhforbairt a gcathracha agus a gcontaetha.”

Straitéis d’Fhorbairt Gheilleagrach, Shóisialta agus Chultúrtha i bhFine Gall 2002 – 2011

Ba phríomhfheidhm de chuid an Bhoird forfheidhmiú Straitéise d’Fhorbairt Gheilleagrach, Shóisialta agus Chultúrtha i gcontae Fhine Gall a ullmhú agus a mhaoirsiú. Ullmhaíodh an straitéis de réir na dTreoirlínte ar Straitéisí BFC do Bhoird Forbartha Contae/Cathrach atá leagtha síos i *“Fís Rannta”* (www.fdb.ie).

I ndiaidh dianchomhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara agus le baill den phobal foilsíodh Straitéis BFFG d’Fhorbairt Gheilleagrach, Shóisialta agus Chultúrtha Fhine Gall, 2002 – 2011 i Mí Bealtaine 2002. D’aithin an Straitéis roinnt mhór beart, 291 san iomlán, agus d’fhéach sí le cur go suntasach le feabhsú chomhtháthú seirbhísí ag leibhéal áitiúil.

Aithníodh ocht réimsí téamacha: Pleanáil d’Úsáid Talaimh, Iompar, Forbairt Gheilleagrach, Tithíocht, Seirbhísí Sláinte agus Sóisialta, Foghlaim i rith an tSaoil, Cosaint an Chomhshaoil agus Feiniúlacht Chontae. Tá Fine Gall ar cheann de cheithre chontae a chuir fócas sainiúil ar Fhéiniúlacht Chontae ina straitéis. Mothaíodh go raibh seo riachtanach ar an ábhar nach raibh an íomhá sho-aitheanta ag Contae Fhine Gall, a bunaíodh i 1994, atá ag contaetha seanbhunaithe eile. Is léir gur mar sin atá an scéal go fóill nuair a coinníodh agus méadaíodh an beart bunaidh, dárb ainm Brandáil Chontae, san athbhreithniú seo.

Níl aon amhras ná go raibh agus go bhfuil an Bord ina eiseamláir rathúil de chomhordú agus chomhoibriú gníomhach i mórán de na bearta straitéiseacha a chuir sé faoina choinne féin. Is iomaí dóigh ar éirigh leis an Bhord thar na trí bliana seo caite agus liostaítear iad seo i dTuarascáil Bhliantúil Bhord Forbartha Fhine Gall 2003 agus 2004 atá ar fáil ag www.fdb.ie . Is fiú tabhairt faoi ndeara ach go háirithe cruthú Réadlann Scileanna Fhine Gall, glacadh le Modh 3R do Dhíonadh Cuimsitheachta Sóisialta i mBeartais Chorparáideacha, bunú Fhóram Pháirtithe Leasmhara Aerfort Átha Cliath agus an t-iarratas rathúil ar Mhaoiniú do Chomhtháthú Feabhsaithe.

Athbhreithniú Meántéarma

I Mí Eanáir 2005, i ndiaidh trí bliana d’fhorfheidhmiú, thionscnaigh gach Bord Forbartha Contae agus Cathrach athbhreithniú ar a Straitéisí, ar iarratas ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Ba é príomhchuspóir an athbhreithnithe na tosca socheacnamaíocha athraithe ó seoladh an Straitéis a chéaduair i 2002 a chur san áireamh.

Iarradh ar an Bhord díriú ar a lár-ról comhordaithe san athbhreithniú agus clár soiléir forfheidhmithe ag díriú ar líon laghdaithe beart do 2006 – 2008, a tháirgeadh.

Thionóil an Bord dhá réamhchruinniú athbhreithnithe le measúnú a dhéanamh ar a struchtúir oibríochtúla mar atá siad faoi láthair i Mí Feabhra agus i Mí Mhárta 2005 ach go háirithe le:

CAIBIDEAL 1 (Ar lean)

- Inchur na gcomhaltaí in obair an Bhoird a mheas;
- Teacht ar thuiscint ar chúraimí chomhaltaí sula nglacfadh siad cúram athbhreithnithe fhoirmeálta ar an Straitéis orthu féin;
- Breithniú a dhéanamh ar an dóigh a ndearcann comhaltaí Boird ar a ról ar an Bhord agus ar an dóigh is fearr le riar do na rudaí a bhfuil a n-eagraíochtaí ag súil leo ón Bhord.

Le hachoimre a dhéanamh ar thoradh na gcruinnithe, chinn an Bord go ndíreodh an athbhreithniú ar roinnt teoranta beart inláimhsithe, insoláthraithe, ilghníomhaireachta a chumhdaíonn réimse disciplíní. Ba chóir go mbeadh na bearta seo intomhaiste, agus ba chóir go mbainfeadh siad le bearnaí sa tseirbhís a d'aithneofaí san athbhreithniú féin. Lena chois sin, ba chóir go n-aithneofaí tosaíochtaí nua don chontae le tosca athraitheacha a léiriú ó glacadh leis an straitéis a chéaduair.

Ar a bharr sin, aontaíodh go gcaithfeadh cruinnithe den Bhord sa todhchaí a bheith ina bhfóram le cúraimí straitéiseacha a thógáil agus le tabhairt faoi dhúshláin a bheadh os coinne Fhine Gall sa todhchaí. Chomhaontaigh an Bord fosta go gcaithfidh sé ról níos onnghníomhaí a imirt le comhéadan a éascú idir réimsí den bheartas réigiúnach agus réimsí den bheartas náisiúnta a théann i bhfeidhm ar an Chontae.

Suirbhé

Bhreathnaigh suirbhé a rinneadh i Mí Bealtaine 2005, mar gheall ar an Athbhreithniú, ar na príomhfhadhbanna a bhain leis an Straitéis bhunaidh. I measc na gceisteanna a aithníodh bhí na rudaí seo a leanas:

- Bhí barraíocht beart sa Straitéis
- Easpa úinéireacht beart ag roinnt Gníomhaireachtaí Ceannais
- Níor gealladh go leor acmhainní
- Athrú ar an chomhshaol airgeadais phoiblí
- Athruithe sa bheartas náisiúnta
- Bhí roinnt beart neamhréalaíoch nó rinneadh drochthaighde orthu

Comhaontaíodh gurbh iad seo na príomhphointí a dtabharfaí aghaidh orthu agus straitéis athmheasta á ceapadh.

Thosaigh an t-athbhreithniú go foirmeálta ar 22ú Meitheamh 2005 nuair a thionóil an Bord roinnt ceardlann le comhaltaí agus páirtithe leasmhara eile le príomhthéamaí agus príomhbhearta a aithint a chuirfí sa straitéis athmheasta. Iarradh ar gach ceardlann teacht aníos le 4/5 beart tosaíochta a bheadh inbhainte amach, intomhaiste, a chruthódh comhtháthú agus a b'fhéidir a sholáthar nó tosú orthu sna trí bliana seo chugainn.

Rinneadh teimpléid ghníomhaíochta de na bearta nua, athmheasta a mhol ceardlanna an Mheithimh, ina leagtar amach an réasúnú, na príomhchéimeanna, táirgeachtaí agus torthaí a bhfuil súil leo, táscairí féideartha feidhmíochta agus costais. Faoi réir roinnt mionathruithe, is iad na bearta a roghnaíodh ag ceardlanna an Mheithimh croí na straitéise athmheasta.

Rinne an Coiste um Monatóireacht a dhéanamh ar Chuimsitheacht Shóisialta beart díonta ar na dréachtbhearta i Mí na Samhna 2005. Bhreithnigh an Bord cinneadh an Choiste MCS agus leasaíodh na dréachtbhearta le moltaí an Bhoird a ionchorprú.

Ar iarratas ón Choiste MCS, rinne an Bord comhairliúchán aimsithe leis an Earnáil Forbartha Áitiúla agus Forbartha Pobail. Éascaíodh an comhairliúchán seo tríd an Choiste Stiúrtha um Chomhtháthú Feabhsaithe.

CAIBIDEAL 2 STRAITÉIS ATHMHEASTA BFFG 2006 – 2008

Bearta

Is í Straitéis seo BFFG 2006 – 2008 toradh an phróiseas athbhreithnithe seo ó Mhí Feabhra 2005 go Mí Feabhra 2006. Mar a cuireadh in iúl cheana féin tá roinnt teoranta (sé déag) beart sainiúil inti a bhfuil an Bord den bharúil gur chóir dó oibriú lena gcur i bhfeidhm go deireadh na bliana 2008. Is ón Straitéis bhunaidh a tháinig cuid mhór de na 16 beart.

Mar a bhí sa Straitéis ní ba luaithe, fanann an fhreagracht as táirgeachtaí a bhaint amach ar na gníomhaireachtaí ainmnithe, agus an Bord féin ag soláthar na tacaíochta agus an struchtúir trína éascófar agus dhéanfar monatóireacht ar oibriú idirghníomhaireachta.

Cé nach bhfuil mórán acu ann, tá na bearta uaillmhianach ina réimse agus ina n-éagsúlacht araon. Díríonn siad ar thascanna den chineál a éilíonn freagraí ilghníomhaireachta agus ceannasaíocht chruthaitheach le torthaí a thabhairt chun críche a chuirfidh ar aghaidh fuascailtí ar phríomhriachtanais chaighdeán beatha i gcontae atá ag fás go gasta.

Cumhdaíonn na bearta a roghnaíodh réimse ábhar agus Iompar, Forbairt Fiontraíochta, Oideachas, Sláinte agus Sábháilteacht Phoiblí san áireamh. Tá roinnt beart ann fosta a chuireann comhtháthú agus cuimsitheacht shóisialta níos fearr chun cinn. Cé gur socraíodh ar na bearta seo tríd phróiseas idirphlé le príomhpháirtithe sa chontae, léiríonn siad ábhair imní a aithníodh i Suirbhé Saoránach a rinneadh ar son Chomhairle Contae Fhine Gall i Mí Mheithimh 2005. D'aithin an suirbhé, in ord a dtábhachta, - Ceisteanna Sláinte, Coireacht, Riail agus Reacht, Plodú Tráchta, Oideachas agus Tithíocht mar cheisteanna a ba mhian le daoine go ndíreodh an Rialtas orthu.

Sineirgí

Níor ullmhaíodh na bearta nua scartha ó chéile. Cé go mb'fhéidir go bhfuil an chuma ar na bearta go bhfuil siad difriúil, i bhfírinne tá sineirgí dlútha idir grúpaí éagsúla beart agus iad ag brath ar a chéile. Mar shampla, rachaidh Córas Iompair (Beart 1) éifeachtach, comhtháite i bhfeidhm ar Fhorbairt Fiontraíochta (Beart 3), agus is mar a gcéanna é le forbairt Branda Contae (Beart 4). Tá gach ceann acu, ar a dhóigh féin, dírithe ar iomaíocht Fhine Gall a choinneáil sa gheilleagar náisiúnta. Is é an rún atá taobh thiar de fhóraim chomhairliúcháin a bhunú ar Phóilíneacht, Shláinte agus an Aerfort, chomh maith leis an bheart ar Phleanáil do Ghnóthachan Pobail ná comhshaol oiriúnach a sholáthar a chumasóidh comhairliúchán agus idirphlé céillí ar cheisteanna ar ábhar imní iad do pháirtithe leasmhara ábhartha.

Tá roinnt beart dírithe ar an phobal mionlaigh eitnigh. D'éirigh an riachtanas le díriú ar an phobal seo, atá ag méadú go gasta, ní b'fhollasaí in aghaidh an lae. Ar an chaoi chéanna, tá pobal suntasach Lucht Siúil i bhFine Gall agus tá beart sa straitéis atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar neamhionannas fostaíochta acu siúd.

Is lárnach don straitéis iomlán an beart le Croílár Sonraí a bhunú. Is príomhmholadh é i dtuarascáil BFFG ar Shonraí Contae. Is beag gníomhaireacht taobh amuigh den Údarás Áitiúil a úsáideann Fine Gall ina dtíreolaíocht riaracháin agus dá bharr sin tá neamhréir mhór sa dóigh a choinníonn eagraíochtaí éagsúla atá ag feidhmiú sa chontae sonraí. Caithfidh sé gurb é aithint críoch geografach Chontae Fhine Gall, ar mhaithe le sonraí a sainscagadh agus a rannadh, an tasc is tábhachtaí atá os coinne an Bhoird agus beidh seo ina phríomhthasc ag an chroílár nua sonraí. Lena chois seo táthar ag smaoineamh ar Fhine Gall mar shuíomh píolóta do Thionscnamh Bhonneagar Sonraí Spásúla na hÉireann, www.inspire.ie .

Bhí prionsabal na Forbartha Inbhuanaithe agus na Cuimsitheachta Sóisialta mar bhonn ag breithniúcháin an Bhoird agus iad ag glacadh leis an Straitéis athmheasta. Tá mionsonraí iomlána de gach beart leagtha síos i dteimpléid aonaracha gníomhaíochta.

Beart: 1	**Fóram nua Iompair Chomhtháite Fhine Gall a bhunú le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna iompar dromchla anois agus sa todhchaí a théann i bhfeidhm ar Fhine Gall agus ar Mhórcheantar Átha Cliath maidir le hacmhainn, feidhmíocht agus iomaíocht sa todhchaí.**

Réasúnú	An fás geilleagrach gan fasach taobh istigh de Mhórcheantar Átha Cliath agus Fine Gall go sainiúil. An riachtanas le haghaidh a thabhairt ar phríomh-mhodanna iompair ag léibhéal contae, réigiúnach agus áitiúil. Deacracht le cónascadh taobh istigh agus taobh amuigh den chontae. An riachtanas le soláthar sheirbhís iompair a uasghrádú. An riachtanas le hiarmhairtí phlodú gluaisteáin a íoslaghdú.

Róil na gComhpháirtithe Rannpháirteacha					
	Airgeadas	Comhordú	Forfheidhmiú	Comhtháthú le Pleananna	Ráiteas agus Breathnú
CCFG[1]	√	√			
FPDFG[2]					√
Gardaí			√		
Turasóireacht Fhine Gall					√
FGFG					√
Grúpa Rochtain do chách					√

Príomhchéimeanna	Tabhairt faoi iniúchadh a dhéanamh ar sholáthar sheirbhís iompair agus gnéithe traschontae agus traschríche san áireamh. Ráiteas beartais a ullmhú ar sholáthar iompair chomhtháite i bhFine Gall i 2006, ag cuimhneamh ar chuspóirí Phlean Forbartha Contae CCFG. Straitéis nua iompair chomhtháite a fhorbairt d'Fhine Gall ag aibhsiú riachtanas poiblí, turasóireachta agus gnó agus straitéis chomharthaíochta san áireamh. Straitéis / Plean Gníomhaíochta Iompair Áitiúil a sheiftiú le cinneadh ar an dóigh is fearr le seirbhísí chuig bailte atá ann agus bailte atá ag nochtadh aníos i bhFine Gall a fheabhsú. Dul i gcomhairle le príomhBhoird Forbartha Contae / Comhairlí Contae le cuidiú le tionchar a imirt ar fhorfheidhmiú bheartas iompair chomhtháite. Soláthar luath, comhordaithe Metro agus idir-chónascaíochta sa chóras iompair phoiblí a éascú.

Clár ama												
	2006				**2007**				**2008**			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Réamhphleanáil	√	√										
Forfheidhmiú			√	√	√	√	√	√	√	√	√	√
Measúnú				√				√				√

Táscairí	**Próisis**	**Riaracháin**	**Iomláine**
	Gan an léibhéal freastail a bheith níos lú ná 66% den chomhaltas	Príomhthionscadail bhonneagair a thionscaint.	Níos lú spleáchais ar ghluaisteáin agus amanna laghdaithe taistil.

Gealltanas do Chostais	Comhairle Contae Fhine Gall, Clárghrúpa 2 (Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre).

[1]Bainisteoir an Chontae, An Stiúrthóir Iompair agus Cathaoirleach an CBS Iompair, Cathaoirleach BFFG
[2]Fóram Pobail agus Saorálach Fhine Gall

Beart: 2	**Soláthróidh Fóram Pháirtithe Leasmhara Aerfort Átha Cliath fóram éifeachtach do phlé ar gach ceist a bhaineann le forbairt agus/nó feidhmiú an aerfoirt a théann i bhfeidhm ar úsáideoirí an aerfoirt agus orthu siúd atá ina gcónaí agus ag obair sa cheantar máguaird. Gníomhóidh sé fosta mar fhóram don dóigh a ndéileáltar le gearáin.**

Réasúnú	Mar mhór-aerfort idirnáisiúnta, tá claonadh ag Aerfort Átha Cliath an geilleagar áitiúil agus réigiúnach agus comhshaol an cheantair ina bhfuil sé suite, a smachtú. Tá claonadh ann gur ar an chomhshaol áitiúil agus ar na háitritheoirí agus na pobail timpeall an aerfoirt a thiteann costais a leithéid d'fhorbairt. Coinbhleachtaí leasa a fhuascailt trí idirphlé agus thuiscint níos fearr ar gach taobh.

Róil na gComhpháirtithe Rannpháirteacha					
	Airgeadas	Comhordú	Forfheidhmiú	Comhtháthú le Pleananna	Ráiteas agus Breathnú
BFFG		√	√		√
UAAC	√		√	√	√
CCFG	√		√	√	√

Príomhchéimeanna	Clár Oibre do 2006 a sheiftiú agus a bheartú de réir tosaíochta. Moltaí d'fhorbairt inbhuanaithe an aerfoirt sa todhchaí a bhreithniú agus dul i bhfeidhm orthu. Freagairt do staidéir agus tuarascálacha náisiúnta a théann i bhfeidhm ar an Aerfort agus ar an cheantar máguaird. Taighde a choiminisiúnú ar cheisteanna ar ábhar imní iad de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr.

Clár ama												
	2006				**2007**				**2008**			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Réamhphleanáil												
Forfheidhmiú	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√
Measúnú				√				√				√

Táscairí	**Próisis**	**Riaracháin**	**Iomláine**
	Gan an leibhéal freastail a bheith níos lú ná 66% den chomhaltas iomlán.	Comhchlár oibre.	• Laghdú i líon na ngearán faoi thorann. • Laghdú i leibhéal na n-astaíochtaí CO2 • Cruthú post breise i gCampas Aerfort Átha Cliath.

Gealltanas do Chostais	Maoiniú ar bhonn comhionann ó Údarás Aerfort Átha Cliath (An Buiséad Caidrimh Phoiblí) agus Comhairle Contae Fhine Gall (Clárghrúpa 4).

Beart: 3	**Aonad Forbartha Geilleagraí a bhunú taobh istigh de Chomhairle Contae Fhine Gall le feidhmíocht contae a fheabhsú agus forbairt gheilleagrach a chur chun tosaigh taobh istigh d'Fhine Gall, ag oibriú i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara.**

Réasúnú	An riachtanas leis na hiarrachtaí a dhéanann gníomhaireachtaí éagsúla le hinfheistíocht a tharraingt ó thar lear, a chomhtháthú agus le forbairt fiontraíochta a chur chun cinn i bhFine Gall.

Róil na gComhpháirtithe Rannpháirteacha					
	Airgeadas	Comhordú	Forfheidhmiú	Comhtháthú le Pleananna	Ráiteas agus Breathnú
CCFG[3]	√	√	√	√	
BFCFG			√	√	
Fiontraíocht Éireann			√	√	
UFT			√	√	
LACT			√	√	
FGFG			√	√	√
ITBB			√	√	
BFFG					√

Príomhchéimeanna	Foireann tionscadail idirghníomhaireachta arna tiomáint ag Comhairle Contae Fhine Gall le Straitéis Gheilleagrach Contae a sheiftiú, agus ina dhiaidh sin, deiseanna infheistíochta taobh istigh den chontae a aithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Cruinnithe rialta tadhaill a shocrú le foghrúpa an Bhranda Contae. An clár oibre a ullmhú agus tascanna tosaigh atá le déanamh san áireamh m.sh. Brandáil, Iniúchadh ar an Staid Reatha, Taighde Margaidh, Maoiniú Fiontair agus Straitéisí Jabchoinneála.

Clár ama												
	2006				**2007**				**2008**			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Réamhphleanáil	√											
Forfheidhmiú		√	√	√	√	√	√	√	√	√		
Measúnú				√				√				√

Táscairí	**Próisis**	**Riaracháin**	**Iomláine**
	Gan an leibhéal freastail a bheith níos lú ná 66% den chomhaltas iomlán.	IDC agus fás Fiontraíochta ardaithe.	• Jabchoinneáil. • Cruthúchán post nua. • Olltáirgeacht Contae níos airde (meastachán) • Méid níos mó rátaí, Ioncam níos mó

Gealltanas do Chostais	Comhairle Contae Fhine Gall, Clárghrúpa 4 (Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha).

[3]An Roinn Forbartha Maoine agus Geilleagraí, Cathaoirleach an CBS Pleanála agus Forbartha

Beart: 4	**Branda Contae a sheiftiú atá dírithe ar Dhaoine, ar Áit, ar Rathúnas agus ar Oidhreacht**

Réasúnú	Níl aon bhranda contae ann faoi láthair, níl ann ach branda corparáideach CCFG. Tá riachtanas le brat contae. Tá branda turasóireachta ann do chuairteoirí ó thar lear. Tá branda oidhreachta á phleanáil. Tá géarghá le bia Fhine Gall a bhrandáil. Tá ról ag CCFG i gcosaint an bhranda Chontae. Cuireann barraíocht brandaí, agus coincheapa éagsúla in úsáid acu, mearbhall ar an phobal. Beidh branda geilleagrach contae de dhíth ar Fhine Gall.

Róil na gComhpháirtithe Rannpháirteacha					
	Airgeadas	Comhordú	Forfheidhmiú	Comhtháthú le Pleananna	Ráiteas agus Breathnú
CCFG	√	√	√	√	
BFFG	√		√		
LACT		√	√		
BFCFG				√	√
Turasóireacht Fine Gall				√	√

Príomhchéimeanna	Grúpa a bhunú le téarmaí tagartha a shocrú do Bhranda an Chontae. Páipéar a scríobh faoi cheisteanna ar gá a mbreithniú sa bhranda nua. Saineolaithe brandála a fhostú leis an bheart iomlán a chur i gcrích agus le prótacail agus lámhleabhar a chumadh ar an dóigh a n-úsáidfear/a gcosnófar an branda. Comhaontú ar phlean leis an bhranda a fheidhmiú de réir a chéile, ag tabhairt tosaíochta d'eagraíochtaí a bhfuil Fine Gall sa teideal acu.

Clár ama												
	2006				**2007**				**2008**			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Réamhphleanáil												
Forfheidhmiú	√	√	√	√	√	√	√	√				
Measúnú				√				√				√

Táscairí	**Próisis**	**Riaracháin**	**Iomláine**
	Comhaontú gach páirtí ar choincheap an Bhranda.	Beartas bhainistiú Branda agus feidhmiú de réir a chéile.	Leibhéal níos airde aitheantas/ceangal poiblí le Fine Gall.

Gealltanas do Chostais	Cuideachta LEADER Átha Cliath Tuaithe (Ciste LEADER) agus CCFG (Clárghrúpa 8, Seirbhísí Ilghnéitheacha).

[4]An Roinn Gnóthaí Corparáideacha, An Oifig Ealaoín agus An Oifig Oidhreachta

Beart: 5	**Seifteofar réimse nua freagairtí a bheidh ina gcuidiú ag an Phobal Mionlaigh Eitnigh dífhostaíocht fhadtéarmach a sheachaint, scileanna nua a fhoghlaim agus deiseanna féinfhostaíochta a thapú.**

Réasúnú	Tá níos mó soiléireachta de dhíth faoi na leibhéil éagsúla teidlíocht oibrithe, oiliúna agus féinfhostaíochta atá ag gach catagóir grúpaí mionlaigh eitnigh. Faoi láthair níl clár comhtháite ann a thugann aghaidh ar riachtanais fhadtéarmacha Iarrthóirí Tearmainn nach bhfuil cead acu dul i mbun jaboiliúna foirmeálta agus nach bhfuil aon cheart ar obair acu de thairbhe Bheartas an Rialtais. Bíonn deacrachtaí teanga ag grúpaí mionlaigh eitnigh agus d'fhéadfaí soláthar BCTE (Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile) a mhéadú. Tá deis ann le cumas fiontraíochta an phobal méadaitheach mionlaigh eitnigh do gheilleagar Fhine Gall a uasmhéadú. (Tá FBCBB ag obair ar an cheist seo cheana féin i mBaile Bhlainséir le tionscadal EMERGE).

Róil na gComhpháirtithe Rannpháirteacha					
	Airgeadas	Comhordú	Forfheidhmiú	Comhtháthú le Pleananna	Ráiteas agus Breathnú
BFFG [5]		√			
CCBB	√		√	√	
CFG	√		√	√	
RGST			√	√	
FÁS			√		
BFCFG	√		√	√	
CGO	√		√	√	
ROE			√	√	√

Príomhchéimeanna	Déanfar trí shainsraith den oiliúint BCTE: Bunúsach, Comhtháthú agus Teicniúil. Nuair is gá, clár a úsáideann cur chuige Forbartha Pobail d'Iarrathóirí Tearmainn, nach bhfuil teacht acu ar oiliúint/obair, a chuireann a roghanna tairisceana dá ndeoin féin chun tosaigh (féach Comhtháthú Feabhsaithe 2006). Feidhmeofar clár Fiontraíochta de réir a chéile ar fud an chontae ag úsáid eiseamláir FBCBB e-merge mar phíolóta.

Clár ama												
	2006				**2007**				**2008**			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Réamhphleanáil	√	√										
Forfheidhmiú			√	√	√	√	√	√	√	√	√	√
Measúnú				√				√				√

Táscairí	**Próisis**	**Riaracháin**	**Iomláine**
	Dearadh na gclár agus na seirbhísí ábhartha.	Rannpháirtíocht sna cláir seo mar % de phobal an ghrúpa eitnigh.	Níor chóir go mbeadh leibhéal fostaíochta ag Grúpaí Mionlaigh Eitnigh comhionann le leibhéal an phobail dúchasaigh.

Gealltanas do Chostais	Leagfar síos tosaíochtaí taobh istigh den Chiste d'Oideachas Pobail (CGO) agus den Chiste Shaorálach do Chomhtháthú Feabhsaithe (CCBB/Comhoibriú Fine Gall)

[5] Tríd an Choiste um Monatóireacht a dhéanamh ar Chuimsitheacht Shóisialta

Beart: 6	**Clár ilghníomhaireachta oiliúint feasachta ar Éagsúlacht Chultúrtha a fhorbairt a thairgfear d'Fhostaitheoirí agus D'Eagraíochtaí Pobalbhunaithe i bhFine Gall**

Réasúnú	Cuireann ceanglais reachtaíochta dualgas ar ghníomhaireachtaí tabhairt faoin chineál seo oiliúna mar fhostaitheoirí agus sholáthraithe seirbhíse araon. Is féidir leis na gníomhaireachtaí sin a bhfuil teagmháil leis an earnáil phríobháideach acu an cineál seo oiliúna a thairiscint. Tá tuairim ag teacht chun tosaigh gurbh'fhéidir le grúpaí pobail tairbhe a bhaint as an chineál seo oiliúna.

Róil na gComhpháirtithe Rannpháirteacha					
	Airgeadas	Comhordú	Forfheidhmiú	Comhtháthú le Pleananna	Ráiteas agus Breathnú
BFFG		√			
CCBB	√		√	√	
CFG	√		√	√	
LACT	√		√	√	
CCFG	√		√	√	
ITBB	√		√	√	
FPDFG			√	√	√
FSS	√		√	√	

Príomhcheimeanna	Seimineár a thionól ina mbeidh Bainisteoirí AD agus Bainisteoirí Seirbhíse, a bhfuil cuid mhór teagmhála acu leis an ghrúpa cliant seo, rannpháirteach. Clár aicmeach oiliúna a dhearadh roimh an seimineár i gcomhar leis an chomhlacht Comhairleach Náisiúnta – CCNCI. Tacú le feidhmeanna AD taobh istigh de na heagraíochtaí éagsúla leis an chlár seo a chur in oiriúint. Monatóireacht a dhéanamh ar a mhéad a bhfeidhmítear an oiliúint de réir a chéile agus seo a chomhtháthú in oiliúint induchtúcháin do bhaill nua foirne. Comhdháil a thionól, le tacaíocht feachtais CP, a aibhsíonn rathaí an chláir.

Clár ama												
	2006				**2007**				**2008**			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Réamhphleanáil	√	√	√									
Forfheidhmiú				√	√	√	√	√	√	√		
Measúnú				√				√				√

Táscairí	**Próisis**	**Riaracháin**	**Iomláine**
	Dearadh an Chláir Oiliúna ag na gníomhaireachtaí ábhartha.	Feidhmiú an chláir oiliúna de réir a chéile do 50% den fhoireann ábhartha.	Leibhéil níos airde sásaimh ag custaiméirí le teacht ar sheirbhísí.

Gealltanas do Chostais	Tabharfaidh gach comhpháirtí rannpháirteach príomhthosaíocht dó seo sna buiséid AD atá acu faoi láthair.

Beart: 7	**A chinntiú go bhfeabhsófar Seirbhísí Aistriúcháin do Ghrúpaí Mionlaigh Eithnigh agus go laghdófar costais.**

Réasúnú	D'fhreagair gach gníomhaireacht don chás seo trí scileanna aistriúcháin a aimsiú; tá amhras ann, áfach, faoi chaighdeán na scileanna seo. Is féidir costais a ghearradh má aithnítear comhscéim sheirbhísí aistriúcháin.

Róil na gComhpháirtithe Rannpháirteacha					
	Airgeadas	Comhordú	Forfheidhmiú	Comhtháthú le Pleananna	Ráiteas agus Breathnú
BFFG [6]		√			√
RGST	√		√	√	
FÁS	√		√	√	
FSS	√		√	√	
CCFG	√		√	√	
CFG			√	√	
Garda	√		√	√	

Príomhchéimeanna	Painéal sainchomhairleoirí/aistritheoirí ceaptha, a chomhlíonann an íoschaighdeán scileanna aistriúcháin. Eiseamláirí den chleachtas is fearr a aithint, a chinntíonn go dtuigeann aistritheoirí an cineál seirbhísí a chuireann gníomhaireachtaí éagsúla ar fáil. Féidearthacht chomhchonartha a fhiosrú.

Clár ama												
	2006				**2007**				**2008**			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Réamhphleanáil	√											
Forfheidhmiú		√	√	√								
Measúnú				√				√				√

Táscairí	**Próisis**	**Riaracháin**	**Iomláine**
	Comhphainéal aistritheoirí inghlactha a chruthú.	Sábháil thomhaiste ar am foirne agus chaiteachas ar aistriúcháin.	Leibhéil níos airde sásaimh ag custaiméirí le teacht ar phríomhsheirbhísí.

Gealltanas do Chostais	Comhaontaíodh ar agus forbraíodh am foirne comhchineáil tríd CMCS.

[6] Tríd an Choiste um Monatóireacht a dhéanamh ar Chuimsitheacht Shóisialta

Beart: 8	**Athbhreithniú bonnlíne ar cheisteanna a bhaineann le Míchumas agus Rochtain a sholáthar do gach Gníomhaireacht atá ag feidhmiú i bhFine Gall, as a dtiocfaidh forbairt agus úsáid Chairt Mhíchumais ar fud an chontae.**

Réasúnú	Cuireann ceanglais reachtaíochta dualgais ar ghníomhaireachtaí seirbhísí agus áiseanna níos inrochtana a sholáthar do dhaoine míchumasaithe. Tá ceanglas ar roinnt eagraíochtaí, ar comhaltaí boird iad, pleananna earnála a sholáthar faoin Acht um Míchumas 2005. Is féidir rath na heiseamláire Chomhtháthú Feabhsaithe a leathnú chuig na hearnálacha reachtúlá agus gnó. Is féidir foghlaim agus eispéiris eagraíochtaí i bhFine Gall a rannadh agus tógáil orthu le cur chuige níos comhtháite a sholáthar maidir le ceisteanna míchumais agus rochtana.

Róil na gComhpháirtithe Rannpháirteacha					
	Airgeadas	Comhordú	Forfheidhmiú	Comhtháthú le Pleananna	Ráiteas agus Breathnú
BFFG	√	√	√		√
CCFG	√		√	√	
CGO	√		√	√	
RGST	√		√	√	
FÁS	√		√	√	
FSS	√		√	√	
Garda	√		√	√	
CCBB	√		√	√	
CFG	√		√	√	
FPSFG					√
FGFG	√		√	√	√
Ionadaithe Lucht Míchumais					√

Príomhchéimeanna	Ceardlann éascaithe a thionól le príomhcheisteanna a thagann os comhair eagraíochtaí i bhFine Gall a aithint agua tuarascáil "staid-an- náisiúin" a fhoilsiú ar thorthaí an tseimineáir agus ar na moltaí atá molta le haghaidh gníomhaíochta taobh istigh de gach eagraíocht. Cairt a dhéanamh de dhul chun cinn na hoibre taobh istigh de gach eagraíocht rannpháirteach thar na 12 – 18 mí seo chugainn. An cheardlann a ationól le dul chun cinn agus ceisteanna a d'éirigh a mheasúnú. An 2ú tuarascáil a fhoilsiú.

Clár ama												
	2006				**2007**				**2008**			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Réamhphleanáil			√	√								
Forfheidhmiú					√	√	√					
Measúnú				√				√				√

Táscairí	**Próisis**	**Riaracháin**	**Iomláine**
	Rannpháirtíocht i gcomh-iniúchadh.	Iniúchadh 20 foirgneamh poiblí i bhFine Gall a chríochnú.	Leibhéil níos airde sásaimh ag custaiméirí le teacht ar phríomhsheirbhísí/phríomhfhoirgnimh.

Gealltanas do Chostais	Rannioc comhionann ó gach Compháirtí Rannpháirteach.

Beart: 9	**Tabharfar aghaidh ar Neamhionannais Fhostaíochta i measc Lucht Siúil trí Gheilleagar Lucht Siúil a athbheochain agus dóigheanna a aithint le deiseanna fostaíochta a phríomhshruthú.**

Réasúnú	Is é 73% an ráta oifigiúil dífhostaíochta i measc fear i bpobal an Lucht Siúil. Is í easpa cháilíochtaí is cúis le roinnt bac ar fhostaíocht ach is iad steiréaphlátaí diúltacha is cúis le baic eile. Tá cumas mór i Lucht Siúil mar fhiontraithe.

Róil na gComhpháirtithe Rannpháirteacha					
	Airgeadas	Comhordú	Forfheidhmiú	Comhtháthú le Pleananna	Ráiteas agus Breathnú
RGST	√	√	√		
CCFG			√		√
BFFG					√
Pointe Pavee					√
FSS	√		√		
FÁS	√		√		
GTLS Bhaile Bhlainséir					√
CFG			√	√	

Príomhchéimeanna	Grúpa oibre bonnleathan (sealadach) a bhunú Taighde a dhéanamh ar riachtanais oiliúna fhéideartha Lucht Siúil agus Lucht Siúil atá seadaithe i bhFine Gall. Á mhéad a b'fhéidir úsáid a bhaint as "cead scoir le linn an téarma" le haghaidh taithí oibre do lucht siúil a idirbheartú. Taighde a dhéanamh ar an chleachtas is fearr maidir le tacaíochtaí poist d'fhostaíocht phríomhshrutha. Clár feasachta a fhorbairt le fostaitheoirí.

Clár ama												
	2006				**2007**				**2008**			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Réamhphleanáil	√	√										
Forfheidhmiú			√	√	√	√	√	√	√	√	√	√
Measúnú				√				√				√

Táscairí	**Próisis**	**Riaracháin**	**Iomláine**
	Úsáid TDO agus CMT ó FÁS agus RGST.	Ardú i líon na ndaoine de Lucht Siúil atá ag dul isteach i bhfostaíocht phríomhshrutha..	Leibhéal níos ísle dífhostaíochta i measc Lucht Siúil i bhFine Gall.

Gealltanas do Chostais	Úsáid a bhaint as an Chlár Mórthacaíochta (RGST) agus as TDO (FÁS).

Beart: 10	**Athbhreithniú bonnlíne a sholáthar ar Sheirbhísí Oideachais Fhoirmeálta agus Thacaíochtaí Speisialtóireachta a chuirtear ar fáil i bhFine Gall mar bhonn le forbairt Próifíle agus Straitéise ar fud an chontae.**

Réasúnú	Bearnaí agus / nó dúbláil neamhriachtanacha i seirbhísí a aithint. Soláthraithe agus úsáideoirí reatha seirbhísí a aithint. Tógáil suas ghinearálta agus sainiúil i réimsí a bhfuil tosaíocht acu m.sh. cláir chríochnú scolaíochta, a thomhas. Fónamh a bhaint as deiseanna straitéiseacha aitheanta d'Fhine Gall.

Róil na gComhpháirtithe Rannpháirteacha					
	Airgeadas	Comhordú	Forfheidhmiú	Comhtháthú le Pleananna	Ráiteas agus Breathnú
BFFG		√			√
ROE			√		
ITBB			√		
CGO			√		
FÁS			√		

Príomhchéimeanna	Coiste oibre sealadach de BFFG a bhunú leis an tionscadal a stiúradh go deireadh 2006. Tuarascáil a tháirgeadh ag tabhairt achoimre ar phríomhchinneadh an athbhreithnithe. An tuarascáil a chur faoi bhráid Bhord Forbartha Fhine Gall le haghaidh breithnithe mar gheall ar aon ghníomhaíocht bhreise ag éirí as an chinneadh.

Clár ama												
	2006				**2007**				**2008**			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Réamhphleanáil	√											
Forfheidhmiú		√	√									
Measúnú				√								

Táscairí	**Próisis**	**Riaracháin**	**Iomláine**
	Comhaontú ar sheirbhísí oideachais agus oiliúna a leathnú i bhFine Gall.	Líon níos ísle daoine ag taisteal taobh amach d'Fhine Gall le teacht ar oideachas agus oiliúint.	Leibhéil níos airde choinneála ar scoil agus tógáil suas oiliúna níos mó.

Gealltanas do Chostais	*Níl aon cheann riachtanach ag an phointe seo.

Beart: 11	**Bunófar Fóram Páirtithe Leasmhara sa tSláinte le comhordú a fheabhsú idir an Oifig Áitiúil Sláinte do limistéir Iarthuaisceart Átha Cliath agus Tuaisceart Átha Cliath, Comhaltaí Tofa áitiúla, Gníomhaireachtaí eile Stáit agus an Earnáil Pobail.**

Réasúnú	Is teoranta an struchtúr comhairliúcháin atá ag struchtúir athchóirithe an Fheidhmeannais Seirbhíse Sláinte le córais ionadaíocha agus rannpháirtíocha daonlathais. Is féidir le tairbhí suntasacha a bheith ann sa tsláinte phoiblí má phléann struchtúir agus grúpaí Forbartha Pobail leis an FSS nua. Méadóidh tionscadail chomhordaithe idir Oifigí Áitiúla Sláinte agus comhlachtaí eile atá maoinithe ag an Stát an tairbhe sláinte do mhuintir Fhine Gall. Is féidir leis an Fhóram aghaidh a thabhairt ar na Cuspóirí do Shláinte Phoiblí a aithníodh i gComhtháthú Feabhsaithe.

Róil na gComhpháirtithe Rannpháirteacha					
	Airgeadas	Comhordú	Forfheidhmiú	Comhtháthú le Pleananna	Ráiteas agus Breathnú
FSS[7]	√	√	√	√	
CCFG[8]			√	√	
FPSFG[9]			√		√
BFFG					√

Príomhchéimeanna	Scríofar agus comhaontófar Téarmaí Tagartha agus tosaíochtaí molta ag Leibhéal Boird. Lorgfar ainmniúcháin don Fhóram Sláinte agus roghnófar cathaoirleach neamhspleách. Scríofaidh an Fóram nua plean oibre dhá bhliain. Glaofar ar shaineolaithe ón Fheidhmeannas Seirbhís Sláinte le bheith rannpháirteach de réir mar is gá.

Clár ama												
	2006				**2007**				**2008**			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Réamhphleanáil		√	√									
Forfheidhmiú				√	√	√	√	√	√	√	√	√
Measúnú				√				√				√

Táscairí	**Próisis**	**Riaracháin**	**Iomláine**
	Gan an leibhéal freastail a bheith níos lú ná 66% den chomhaltas iomlán.	TT agus Comhchláir Oibre comhaontaithe.	Scór níos airde Chaighdeán Beatha i bhFine Gall.

Gealltanas do Chostais	Cuirfidh an Feidhmeannas Seirbhíse Sláinte maoiniú i leataobh.

[7] Oifigí Áitiúla Sláinte
8 Coistí Ceantair Áitiúla
9 Ionadaithe le cur le chéile leis na 3 Coistí Ceantair Áitiúla

Beart: 12	**Soláthróidh aonad darb ainm Croílár Sonraí Fhine Gall sraith nua seirbhísí staitistiúla, próifílí agus tacaíocht thaighde d'eagraíochtaí sa Chontae.**

Réasúnú	Sonraí maithe áitiúla de dhíth le cinntí fadtéarmacha acmhainne a dhéanamh. Ní thuairiscíonn an LOS gach sraith dá cuid ar Fhine Gall. Is gairid go raibh sruthanna sonraí Riaracháin ag Fine Gall ó Ghníomhaireachtaí ar Comhaltaí Boird iad (mar atá molta i dtuarascáil Tekenable). Laghdódh comhordú méadaithe idir na cuideachtaí éagsúla a dhéanann anáilísí riachtanas, Suirbhéanna agus Measúnachtaí Saoránach costais taighde gach gníomhaireachta agus mhéadódh sé comparáideacht sonraí. Tá taighde áitiúil riachtanach do roinnt ceisteanna atá ag éirí aníos i bhFine Gall (m.sh. féinmharú, mí-úsáid baile agus úsáid fuinnimh).

Róil na gComhpháirtithe Rannpháirteacha					
	Airgeadas	Comhordú	Forfheidhmiú	Comhtháthú le Pleananna	Ráiteas agus Breathnú
BFFG	√	√	√		
CCFG	√			√	√
CCBB	√			√	√
CFG	√			√	√
RGST	√			√	√
FSS	√			√	√

Príomhchéimeanna	Beartais úsáide córa a cheapadh do rannadh sonraí riaracháin. Staitisticí a thacaíonn le hanáilís riachtanas a scaipeadh. Stocaireacht a dhéanamh ar chomhlachtaí éagsúla náisiúnta le hagaidh imdhealú feabhsaithe Fhine Gall. Pointe teagmhála d'acmhainní taighde a bhunú agus leabharlann de gach cineál taighde a dhéantar ar an Chontae san áireamh. Suirbhé Saoránach débhliantúil a dhéanamh ina bhfuil croímhodúl agus modúl fócais speisialta athraitheach. Gréasán neamhfhoirmeálta meastóirí taighde a bhunú.

Clár ama												
	2006				**2007**				**2008**			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Réamhphleanáil	√	√										
Forfheidhmiú			√	√	√	√	√	√	√	√	√	√
Measúnú				√				√				√

Táscairí	**Próisis**	**Riaracháin**	**Iomláine**
	Comhaontú ar agus Forfheidhmiú tuarascáil agus moltaí Sonraí.	Seirbhís nua Sonraí agus líon níos airde úsáideoirí/iarrthóirí a bheith ann.	Léiríonn % caiteachas an Státchiste ar sheirbhísí poiblí i bhFine Gall méid agus fás an daonra áitiúil.

Gealltanas do Chostais	BFFG (Clárghrúpa 4) sa chéad bhliain agus Ranníocaíocht Bhliantúil ó gach Gníomhaireacht Comhaltais de BFFG sa dara bliain agus sna blianta ina dhiaidh sin.

Beart: 13	**Bunófar comhChoiste Náisiúnta Póilíneachta faoi réir reachtaíochta agus maoinithe.**

Réasúnú	Beidh forálacha i mBille an Gharda Síochána, nuair a achtófar é, do bhunú Comhchoistí Póilíneachta agus Fóraim Áitiúla Phóilíneachta. Beidh ról ríthábhachtach le himirt ag na struchtúir ilearnála, ionadaíocha seo i gcosc coireachta agus ainrialach ag leibhéal áitiúil, agus lena linn sin beidh aimsiú níos éifeachtaí acmhainní ann maidir le tabhairt faoi cheisteanna coireachta, ainrialach agus iompair fhrithshóisialta.

Róil na gComhpháirtithe Rannpháirteacha					
	Airgeadas	Comhordú	Forfheidhmiú	Comhtháthú le Pleananna	Ráiteas agus Breathnú
CCFG[10]	√	√	√	√	
Gardaí			√	√	√
CCBB			√	√	√
FSS			√		√
FPSFG			√		√
RAPID			√	√	√
BBFG					√

Príomhchéimeanna	Téarmaí Tagartha do Choistí agus d'Fhóraim a ullmhú i gcomhar le príomhghníomhaireachtaí. Boird Bhainistíochta Ceantair Áitiúla agus Fóraim Phóilíneachta Áitiúla a bhunú. Struchtúr Náisiúnta comhpháirtíochta a bhunú.

Clár ama												
	2006				**2007**				**2008**			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Réamhphleanáil	√	√	√									
Forfheidhmiú		√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√
Measúnú				√				√				√

Táscairí	**Próisis**	**Riaracháin**	**Iomláine**
	Freastail agus rannpháirtíocht chomhaltaí ar an Fhóram.	Comhchlár oibre agus ceartú teorainneacha más ábhartha.	Ráta níos ísle coireachta i bhFine Gall

Gealltanas do Chostais	BFFG agus tá maoiniú le cuardach ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

[10] An Roinn Tithíochta agus Pobail, Áineasa agus Taitneamhachtaí

Beart: 13	**Sraith cosán siúil idirnasctha dá ngairfear "Bealach Fhine Gall" go comhchoiteann a fhorbairt, ina mbeidh siúlóidí cósta, staire, oidhreachta, cois abhann agus cois chanála.**

Réasúnú	Tá saibhreas acmhainní nádúrtha ag Fine Gall le cuairteoirí a mhealladh. Is sábháilte le daoine cosáin a bhfuil an treo marcáilte orthu. Is foinse phoitéinsiúil ioncaim don chontae an choisíocht. Is margadh nideoige fáis sa turasóireacht an choisíocht. D'fhéadfadh Fine Gall na siúlóidí 3 – 5 uair a chloig is fearr le daoine nach bhfuil chomh heachtrúil sin, a chur ar fáil.

Róil na gComhpháirtithe Rannpháirteacha					
	Airgeadas	Comhordú	Forfheidhmiú	Comhtháthú le Pleananna	Ráiteas agus Breathnú
CCFG[11]	√	√	√	√	
LACT	√				√
Turasóireacht Fine Gall				√	
Turasóireacht Átha Cliath			√	√	
FPSFG					√
BFFG					√
FSS				√	

Príomhchéimeanna	Oifigeach Coisíochta ar leith a cheapadh i CCFG. Liosta siúlóidí atá ann a ullmhú, ina n-áireofar canálacha, dúichí agus inbhir. Cosáin choisíochta a léarscáiliú agus comharthaíocht a chur orthu. Iarratas ar mhaoiniú a chur isteach chuig LACT. Dul i gcomhairle le Foras Croí na hÉireann. Comhthadhall a dhéanamh le hOifigigh Bhithéagsúlachta agus Oidhreachta Chomhairle Contae Fhine Gall. Lúba ó bhealach na siúlóidí a chur ar bun ag nascadh le ceardaíocht, bia, oidhreacht agus taitneamhachtaí amhairc. Bealach Fhine Gall a chur chun tosaigh tríd an Aonad um Chothú na Sláinte den Fheidhmeannas Seirbhíse Sláinte.

Clár ama												
	2006				**2007**				**2008**			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Réamhphleanáil	√	√										
Forfheidhmiú			√	√	√	√	√	√	√	√	√	√
Measúnú				√				√				√

Táscairí	**Próisis**	**Riaracháin**	**Iomláine**
	Comhaontú ar an bhealach faoi dheireadh 2006.	Plean Margaíochta don bhealach.	Líon úsáideoirí an bhealaigh sa bhliain. An méid ciliméadar den bhealach atá ar fáil.

Gealltanas do Chostais	LACT (Ciste LEADER) agus CCFG (Clárghrúpa 6, Áineas agus Taitneamhacht).

[11] An Roinn Pobail, Áineasa agus Taitneamhachtaí agus an Roinn Pleanála

Beart: 15	**Cur chuige "Ag Pleanáil do Ghnóthachain Pobail" a phíolótú maidir le Forbairt Pleananna Ceantair Áitiúil trína rachaidh próiseas níos struchtúraí agus níos idirghníomhaí i bhfeidhm ar an toradh.**

Réasúnú	Dréachtaítear Pleananna Ceantair Áitiúil ag daoine atá cáilithe go teicniúil ach nach mbíonn ag plé go gníomhach le pobail áitiúla. Dá thairbhe sin cailleann siad an deis le tarraingt ar leibhéil tuisceana agus uaillmhéine na bpobal seo, go háirithe le breithniú cuí ar bhonneagar sóisialta agus poiblí agus ar dhearadh inbhuanaithe a chinntiú.

Róil na gComhpháirtithe Rannpháirteacha					
	Airgeadas	Comhordú	Forfheidhmiú	Comhtháthú le Pleananna	Ráiteas agus Breathnú
CCFG[12]	√	√		√	
LACT	√			√	
FPSFG					√
CFG				√	√

Príomhchéimeanna	Comhaontú ar mhodheolaíocht chuí agus ar láithreáin phíolóta éagsúla. An tionscnamh a phíolótú trí gach páirtí leasmhar a éascú go gníomhach le linn an phróisis. Na leibhéil rannpháirtíochta agus sásaimh chontae a mheasúnú i gcomparáid le láithreán nár píolótaíodh.

Clár ama												
	2006				**2007**				**2008**			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Réamhphleanáil		√	√									
Forfheidhmiú				√	√	√	√	√				
Measúnú				√				√				√

Táscairí	**Próisis**	**Riaracháin**	**Iomláine**
	Rannpháirtíocht na n-Údarás Pleanála agus na bPáirtithe Leasmhara Pobail agus modhanna nua comhairliúcháin.	Roghnú 4 cheantar píolóta ina bhforbraíonn PCAí comhairliúchán nua.	Leibhéil níos airde Sásaimh Phobail leis an phróiseas Pleanála.

Gealltanas do Chostais	LACT (Ciste LEADER) agus CCFG (Clárghrúpa 4, Forbairt, Dreasachtaí agus Rialú agus Clárghrúpa 6, Áineas agus Taitneamacht).

[12] An Roinn Pleanála agus an Roinn Pobail, Áineasa agus Taitneamhachtaí

Beart: 16	**Foireann tionscadail a bhunú le húsáid réasúnach fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite sa chontae a fhiosrú.**

Réasúnú	Feasacht agus éifeachtacht fuinnimh níos fearr a chur chun cinn. Laghdú in úsáid fhoriomlán fuinnimh a thabhairt i gcrích. Cleachtais fhuinnimh inbhuanaithe a spreagadh sna hearnálacha Iompair, Tithíochta agus Tionsclaíochta. An fócas a bhogadh ó fhoinsí a tháirgeann cuid mhór carbóin go foinsí fuinnimh in-athnuaite. Infheistíocht i bhfuinneamh in-athnuaite agus i mbonneagar a chur chun cinn diomaite de bhonneagar breosla iontaise.

Róil na gComhpháirtithe Rannpháirteacha					
	Airgeadas	Comhordú	Forfheidhmiú	Comhtháthú le Pleananna	Ráiteas agus Breathnú
BFFG		√			
CCFG	√		√	√	
LACT	√		√	√	
FPSFG					√

Príomhchéimeanna	Foireann tionscadail a bhunú le húsáid réasúnach fhuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite a imscrúdú. Iniúchadh a dhéanamh ar úsáid fhuinnimh oifigí, stáisiúin, fheithiclí iompair, mhonarchana agus shoilsiú poiblí an údaráis áitiuil. Cairt Éifeachtacht Fhuinnimh a dhréachtú. Taighde a dhéanamh ar an aistriú go córais fhuinnimh in-athnuaite. Pleanáil d'fhorfheidhmiú Treoracha Fuinnimh an AE.

Clár ama												
	2006				**2007**				**2008**			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
Réamhphleanáil		√	√									
Forfheidhmiú				√	√	√	√	√	√	√	√	√
Measúnú				√				√				√

Táscairí	**Próisis**	**Riaracháin**	**Iomláine**
	Comhaontú ar fhoireann tionscadail a bhunú faoi 2007.	Tionscadail fhuinnimh chomhroghnaigh agus caomhnú san áireamh ar obair.	% níos airde den Bhuiséad d'Fhuinneamh Comhroghnach. % níos airde Fuinnimh Chomhroghnaigh in úsáid fhoriomlán fhuinnimh.

Gealltanas do Chostais	CCFG (Clárghrúpa 5, Cosaint an Chomhshaoil) agus Ranna Rannpháirteacha.

CAIBIDEAL 3 – SEIRBHÍSÍ COMHTHÁITE

COISTÍ AGUS TIONSCADAIL EILE AN BHOIRD

Le cois na 16 beart a bhfuil achoimre tugtha orthu i Straitéis athmheasta BFFG 2006 – 2008, leanfaidh foireann Stiúrthóireachta BFFG de chur i hbfeidhm beart sna réimsí a bhfuil achoimre orthu faoi, ar bearta leanúnacha roinnt acu ón straitéis bhunaidh. Is príomhdhúshlán don Stiúrthóireacht fanacht freagrach agus solúbtha maidir le líon na dtreoracha nua a eisítear ó roinnt ranna rialtais, a éilíonn anois rannpháirtíocht Bhord Forbartha Contae ag an leibhéal áitiúil. Ina measc siúd, ó Mhí Mhárta 2006, tá:

- **Comhairle na nÓg**

Tá Comhairle na nÓg oibríochtúil i bhFine Gall ó Bhealtaine 2002 agus forbraíodh í mar fhreagairt ar an Straitéis Náisiúnta um Leanaí 10 mbliana, a seolad i 2001 ag an Roinn Sláinte agus Leanaí. Is é cuspóir na Comhairle a chinntiú go mbíonn cead cainte ag daoine óga ar cheisteanna a théann i bhfeidhm orthu agus go gcuirfear a dtuairimí san áireamh ag ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit de réir a n-aoise agus a-aibíochta. Cuirtear Comhairle nua le chéile gach bliain, tríd imeacht comhairliúcháin chontae, ag a mbíonn 24 duine óg ó scoileanna agus ó chumainn óige ar fud na 6 toghcheantar i bhFine Gall. Tagann siad le chéile go rialta i rith na bliana le hábhair ar spéis leo iad a phlé agus cuirtear ar aird chomhairleoirí áitiúla ansin iad.

- **Comhtháthú Feabhsaithe**

Leanann Eagraíochtaí Forbartha Áitiúla agus Forbartha Pobail (EFA agus FP) i bhFine Gall de bheith páirteach sa phróiseas Comhtháite Fheabhsaithe a tionscnaíodh ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i 2004. Comhordóidh BFFG an dara céim mhaoinithe seo, a bhfuil €258,500 san iomlán ann. I measc na mbeart beidh forbairt Struchtúir Aontaithe EFAí agus FPí, Pleanáil Phobail, Oiliúint FhrithChiníochais, Méadú Feasachta ar Mhíchumas, agus Forbairt Fiontraíochta i measc rudaí eile.

- **An Coiste um Monatóireacht a dhéanamh ar Chuimsitheacht Shóisialta (CMCS)**

Bunaíodh an CMCS ó thús le cur chuige níos comhordaithe a chruthú maidir le cuimsitheacht shóisialta ag leibhéal áitiúil agus is é an t-aon choiste sainordaitheach amháin é taobh istigh de struchtúr an Bhoird Fhorbartha. Tá freagracht shainiúil ag CMCS as na tascanna seo a leanas:

- Ceadú pleananna/straitéisí na hearnála Forbartha Áitiúla agus Forbartha Pobail;
- Cur i bhfeidhm mholtaí meastóireachta an PFN/CTP (2003) i bhFine Gall agus tionchar a imirt ar sholáthar clár PFN ag gníomhaireachtaí maoinithe reachtúla/rialtais.

Tá na freagrachtaí a chuireann an Bord ar CMCS leagtha síos i Straitéis 2002 – 2011. Is iad:

- An Straitéis Fhrithchiníochais agus Éagsúlachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le tacaíocht ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;
- Forbhreathnú a dhéanamh ar gach struchtúr forfheidhmithe atá molta ó thaobh Cuimsitheachta Sóisialta;
- Gach beartas, straitéis agus plean nua a dhíonadh i gcomhthéacs na Cuimsitheachta Sóisialta.

Sa chéim seo den fhorfheidhmiú iarrfar ar CMCS ceisteanna a bhaineann le Straitéis an Chontae a bhreithniú go débhliantúil.

- **Grúpa Oibre ar Chuimsitheacht Shóisialta (Comhairle Contae Fhine Gall Inmheánach)**

Is rannpháirtí an Bord sa ghrúpa oibre seo ag leibhéal feidhmiúcháin agus tá naisc aige le húdaráis áitiúla eile leis an chleachtas is fearr dár gcliaint agus dár saoránaigh atá faoi mhíbhuntáiste agus leochaileach a ghlacadh chucu féin agus a chur i bhfeidhm.

CAIBIDEAL 3 (Ar lean)

- **Coiste Cúraim Leanaí Fhine Gall**

Faoi threoir na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí meastar gur grúpa oibre de chuid an Bhord Forbartha Contae gach Coiste Cúraim Leanaí Contae. Cheadaigh BFFG go hiomlán do CCLC Fhine Gall forbairt chúraim leanaí i bhFine Gall a chomhordú agus tacú léi ar a shon. Is comhalta de BFFG Comhordaitheoir CCFG agus tuairiscíonn sé go rialta ar dhul chun cinn chun dáta an Phlean Ghníomhaíochta Cúraim Leanaí agus ar cheisteanna ag éirí as.

- **Réadlann Scileanna Fhine Gall**

Is comhpháirtíocht an Réadlann Scileanna de 15 gníomhaireachtaí forbartha áitiúla agus náisiúnta. Faoi cheannas Chomhairle Contae Fhine Gall rinne an tionscnamh Staidéar Gnó agus Fostaíochta débhliantúil, ag díriú ar dhá theideal: soláthar agus éileamh saothair.

- **Rannpháirtíocht Vótálaithe**

Tá Anáilís Chláir Mharcáilte déanta ag Dr. Adrian Kavanagh (An Roinn Tíreolaíochta, ONÉ Maigh Nuad) ar thorthá toghcháin áitiúil 2004 d'Fhine Gall. Soláthraíonn an tuarascáil seo, a fhoilseofar i 2006, forbhreathnú staitistiúil ar phatrúin vótála ar fud an chontae agus cuirtear os comhair an chomhthéacs níos leithne náisiúnta é.Tá comhaltacht á soláthar anois chuig ONÉ, Maigh Nuad le staidéar eile ceithre bhliana a dhéanamh ar na tosca a mhúnlaíonn rannpháirtíocht pholaitiúil i bhFine Gall. Is leathnú ar an Anáilís Chláir Mharcáilte an staidéar seo agus cuimseoidh sé torthaí an chéad olltoghcháin eile agus an tréimhse ag tarraingt ar na toghcháin áitiúla i 2009.

- **Measúnú**

Cuimsítear an measúnú mar chuid de na bearta sa straitéis. Aon uair amháin a bheidh an forfheidhmiú ar siúl i 2006, beidh ar an Bhord a phlé cé acu a dhéanfaidh sé measúnuithe in aon iarracht fhoriomlán amháin nó a dhéanfaidh sé measúnú ar gach beart leis féin. Tacaítear leis an mheasúnú ar an ábhar gur leag muid síos táscairí feidhmíochta do gach beart ag trí leibhéil. Tá an cur chuige seo de réir cineáil le tionscadail ilpháirtithe.

(i) Táscairí Próisis – tomhaiseann siad agus leagann siad síos spriocanna don leibhéal foriomlán rannpháirtíochta;

(ii) Táscairí Riaracháin – tomhaiseann siad tógáil suas seirbhísí nó seirbhísí nua atá ann agus costais sholáthar seirbhísí dár n-eagraíochtaí;

(iii) Táscairí Iomláine – tomhaiseann siad agus leagann siad síos spriocanna d'athruithe inár gContae agus ina dhaonra. (Féach Aguisín B)

AG DÉANAMH IONADAÍOCHTA DO LEAS AN BHOIRD

Lena chois sin, déanann foireann BFFG ionadaíocht do leas an Bhoird ar roinnt coistí, bord agus tionscadal, agus iad seo a leanas san áireamh:

- **Fóram Oidhreachta Fhine Gall**

Is grúpa comhairleach an Fóram Oidhreachta Contae a bhunaigh an Chomhairle Contae le cuidiú léi Plean Oidhreachta Contae Fhine Gall a ullmhú agus a fhorfheidhmiú. Seoladh an Plean Oidhreachta ag Cathaoirleach Chomhairle Contae Fhine Gall, an Comhairleoir Joan Maher, i Mí na Nollag 2005. Is "Plean Gníomhaíochta" é an Plean agus leagann sé amach sraith 73 beart praiticiúil, inbhainte amach a chuirfear i bhfeidhm thar na cúig bliana seo chugainn (2005 – 2010). Leanfaidh BFFG d'oibriú leis an Oifigeach Oidhreachta le cuidiú le forfheidhmiú iomlán an Phlean.

- **Córais Fhaisnéise Geografaí**

Fostaíodh speisialtóir le hacmhainn chórais CFG CCFG a fhorbairt leis an oiread faisnéise is féidir faoi láithreáin sheirbhíse poiblí i bhFine Gall a bhailiú agus a sainscagadh agus iad a gheochódú mar shraitheanna CFG. Tacóidh an obair fosta le cuid de thascanna Chroílár Sonraí Fhine Gall.

CAIBIDEAL 3 (Ar lean)

- **Comhghuaillíocht Forbartha Thuaisceart Átha Cliath (CFTAC)**

Cuireadh síos ar CTFAC mar "mheitheal smaointe réigiúnach le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chathartha réigiún Thuaisceart Átha Cliath a chur chun cinn. Soláthraíonn sí spás neodrach le haghaidh plé agus díospóireachta idir institiúidí poiblí agus gníomhaireachtaí forbartha áitiúla le tabhairt faoi na ceisteanna straitéise príomhúla atá os comhair Thuaisceart Átha Cliath." Mar chomhalta de Bhord CFTAC, tá tionchar ag BFFG ar fhorbairt beartais agus ar dhéanamh taighde.

- **An Clár Críochnaithe Scoile**

Is tionscnamh de chuid an Roinn Oideachais agus Eolaíochta na Cláir Chríochnaithe Scoile (CCS) a bhfuil sé mar aidhm acu mic léinn a choinneáil sa chóras oideachais níos faide. Tá siad dírithe ar na mic léinn sin a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu ar scoil agus a d'fhéadfadh a bheith i mbaol an scoil a fhágáil go luath.

Mar chuid d'athchóiriú Bhord Forbartha Contae agus Cathrach ar fud na tíre iarradh ar BFCí suí ar Bhoird Bhainistíochta aon Chláir Chríochnaithe Scoile taobh istigh dá gcríocha. Tá ionadaíocht ag BFFG ar na ceithre Chlár Críochnaithe Scoile i bhFine Gall.

CUMARSÁIDÍ AGUS NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

Ar mhaithe lena chinntiú go gcoinnítear an pobal i gcoiteann ar an eolas, tá láithreán gréasáin ag an Bhord agus táirgeann siad nuachtlitir rialta.

- **Láithreán Gréasáin BFFG**

Athsheoladh láithreán gréasáin BFFG www.fdb.ie ar 7 Nollag 2004. Tá "áit do chomhaltaí amháin" ar an láithreán nua. Tá an láithreán dírithe go príomha ar chumarsáid a dhéanamh leis an phobal.

Is fóram an láithreán fosta do phlé agus bíonn deis ag an phobal a bheith páirteach i "bpobalbhreitheanna" míosúla agus ráitis ar cheisteanna reatha a chur ar R-phost. Ligfidh an pobalbhreith don phobal a dtuairimí a thabhairt ar cheisteanna a théann i bhfeidhm ar Fhine Gall agus cumhdaíonn siad réimse leathan ábhar.

- **Nuachtlitir BFFG**

Tháirg an Bord a chéad Nuachtlitir i Mí Mheán Fómhair 2004. Soláthraíonn an nuachtlitir faisnéis ar fhorbairtí taobh istigh de na heagraíochtaí ar comhaltaí iad agus ar bhearta agus bheartais Boird, a bhfuil tionchar acu ar Fhine Gall. Foilsítear an Nuachtlitir uair sa ráithe agus tá sí ar fáil fosta ar www.fdb.ie .

CAIBIDEAL 4 – FORFHEIDHMIÚ BFFG

Forbhreathnú

Is céim chriticiúil an forfheidhmiú i rath aon straitéise agus caithfidh tosaíocht a bheith anois aige thar ghníomhaíochtaí eile. Sa mhír seo tá achoimre ar an dóigh a n-oibreoidh an próiseas forfheidhmithe agus leagtar amach príomhróil agus príomhfhreagrachtaí na nGníomhaireachtaí Comhordaithe agus na gComhpháirtithe Rannpháirteacha. Tá gach beart difriúil agus beidh cur chuige difriúil riachtanach maidir le forfheidhmiú ach caithfear comhaontú ar chroíchaighdeáin a bheidh i bhfeidhm i bhforfheidhmiú na mbeart. Nuair a bhí an clár forfheidhmithe seo á cheapadh cuireadh cinneadh an tSuirbhé ar Chomhaltaí Boird a rinneadh i Mí na Bealtaine 2005 san áireamh.

Tá an Straitéis bunaithe ar an toimhde go mbeidh tionchar mór ag líon teoranta beart ilghníomhaireachta maidir le comhtháthú seirbhísí sa chontae a fheabhsú. Dá thairbhe sin beidh iarracht ar leith de dhíth ón Ghníomhaireacht Comhordaithe le páirteachas gach comhpháirtí rannpháirtigh i bhforfheidhmiú na mBeart a chinntiú.

Athruithe sa Struchtúr

Is gné shainiúil den Phróiseas Forfheidhmithe bunú dhá Choiste Tarmligthe den Bhord a dtarmligfidh an Bord freagracht dóibh as forfheidhmiú beart sainiúil:

a) Beidh forbhreathnú straitéiseach ag Coiste Geilleagair agus Bonneagair (le bunú) ar gach beart a bhfuil sainchúram geilleagair agus bonneagair aige.
b) Beidh forbhreathnú straitéiseach ag an Choiste um Monatóireacht a dhéanamh ar Chuimsitheacht Shóisialta (le comhaltas méadaithe) ar gach beart a bhfuil sainchúram sóisialta agus cultúrtha aige.

Mar gur cruinnithe den Bhord iomlán "i gcoiste" iad seo beidh ar chomhaltaí freastal orthu mar a bheadh le gnáthchruinniú Boird. Comhaontóidh an Bord ar agus ainmneoidh siad ionadaithe ar cheachtar den dá choiste ag brath ar a sainchúram sonrach ach féadann aon chomhalta Boird, agus tá sé i dteideal, freastal ar agus a bheith rannpháirteach go hiomlán i gcruinnithe an dá choiste. Cé go bhfuil cumhachtaí tarmligthe ag na Coistí, tuairisceoidh siad don Bhord iomlán go débhliantúil.

Coinníonn an Bord iomlán a chumhachtaí le beartas an Bhoird a shocrú agus baineann seo le haon chinneadh dá ndéanfaidh aon cheann de na Coistí.

Bunófar Foireann Ghníomhaíochta idirghníomhaireachta do gach ceann de na 16 beart sa tStraitéis a mbeidh forfheidhmiú agus tuairisciú ar dhul chun cinn na mbeart mar thasc acu. Beidh an comhaltas comhdhéanta d'eagraíochtaí atá liostaithe i dteimpléad an bhirt ach féadann Foirne Gníomhaíochta cuireadh a thabhairt do rannpháirtithe ó eagraíochtaí nach bhfuil ionadaíocht ar an Bhord acu. Beidh an Ghníomhaireacht Comhordaithe freagrach as cruinnithe den Fhoireann agus as a chinntiú go gclaíonn an Fhoireann lena sprioc-amanna tuairiscithe. Beidh comhalta den Bhord ina chathaoirleach ar na Foirne Gníomhaíochta. Féadann comhaltaí Boird ainmní a tharmligean le freastal ar Chruinnithe Foirne ar a son.

Féadann Cathaoirleach an Bhoird freastal ar aon chruinniú de na Coistí nó de na Foirne Gníomhaíochta.

Róil agus Freagrachtaí nua don Bhord

Leis an phróiseas forfheidhmithe a éascú tá socruithe nua oibre ceaptha ag an Bhord.

Bord

Comhdhéanamh	Bord Iomlán
Fócas	Forbhreathnú straitéiseach a bheith acu ar fhorfheidhmiú
Freagrachtaí	Comhfhreagracht as forfheidhmiú
Cruinnithe	Dhá uair sa bhliain Mí Mheán Fómhair, Bord Iomlán (ar nós Seimineáir) Mí Feabhra, Bord Iomlán (ar nós CCB) Féadann Pearsanra eile de réir mar is cuí freastal ar an chruinniú ar nós Seimineáir ach socrú a dhéanamh
Tuarascálacha	Tuarascálacha ar fhorfheidhmiú dhá uair sa bhliain A chinntiú go gcomhlíonann na tuarascálacha seo uaillmhianta na Straitéise

Coistí Tarmligthe an Bhoird

Coistí	An Coiste Geilleagrach agus Bonneagair An Coiste um Monatóireacht a dhéanamh ar Chuimsitheacht Shóisialta[13] Tá cruinnithe de choistí tarmligthe an Bhoird in ionad cruinnithe an Bhoird iomláin agus is gá do chomhaltaí freastal ar chruinnithe Coiste amháin acu Féadann chomhalta Boird, agus tá sé i dteideal, freastal ar agus a bheith rannpháirteach go hiomlán i gcruinnithe an dá Choiste
Comhaltas	Is éard a bheidh sa Chomaltas comhaltaí Boird le cois rannpháirtithe/ionadaithe cuí eile
Fócas	Le forbhreathnú straitéiseach a bheith acu ar fhorfheidhmiú, coinneoidh gach coiste fócas ar a réimse saineolais
Freagrachtaí	Comhairle a thabhairt ar chinntí an Bhoird agus cur leo Tuairiscí ar rianadh a éisteacht
Cruinnithe	Dhá uair sa bhliain: Bealtaine agus Samhain
Ceannas	Beidh Comhalta Boird ina Chathaoirleach
Teachtaí	Féadann aon chomhalta den Fhoireann Ghníomhaíochta, ach socrú a dhéanamh, freastal ar chruinnithe Boird de réir mar is cuí, le cois an chomhalta Boird tarmligthe
Tuairiscí	Tuairisciú don Bhord de réir mar is gá

[13] Aithnítear go leanfaidh an CMCS don chlár oibre atá aige faoi láthair

Coistí Tarmligthe an Bhoird (Ar lean)

Cinntí	Comhaontófar ar chinntí den Choiste, nuair is féidir, ach má bhíonn vóta riachtanach, ní bheidh cead vótála ach ag comhaltaí Boird
Critéir	Tuairiscí ar rianadh a éisteacht Treoir a thabhairt Díriú ar cheisteanna/fhadhbanna i bhforfheidhmiú na mbeart

Foirne Gníomhaíochta

Comhdhéanamh	Foireann Ghníomhaíochta Idirghníomhaireachta do gach ceann de na 16 Beart Féadann Foirne Gníomhaíochta rannpháirtíocht agus comhaltas a iarraidh ó eagraíochtaí nach bhfuil ionadaíocht ar an Bhord acu
Fócas	Ceisteanna oibríochtúla
Freagrachtaí	Forfheidhmiú na mbeart
Ceannas	Comhalta Boird agus Gníomhaireacht Comhordaithe
Cruinnithe	De réir mar is gá, ach uair sa ráiche ar a laghad
Tuarascálacha	Tuarascálacha le comhdú ar Chóras Rianta BRASR

RIANADH

Bainistíocht Tionscadal Ar Líne agus Córas Rianta le bearta BFFG a rianadh.

Dearaithe ag an Bord Rialtais Áitiúil agus Seirbhísí Ríomhaireachta https://cdb.lgcsb.ie/login.aspx.

Gnéithe an Chórais:

- Pasfhocal cosanta
- Saincheaptha le bheith oiriúnach do bhearta BFFG
- Áis chuardaigh struchtúrtha
- Stórálann doiciméadú tacaíochta

(Scáileán samplach thíos)

Bord Forbartha Contae agus Cathrach

Bord Forbartha Fhine Gall – Bearta a bhfuil ceannas ag mo ghníomhaireacht iontu

Geilleagrach agus Bonneagair

Gníomhaireacht	Duine	Stadas (%)	Ráiteas	Tugtha chun dáta go deireanach	Tús an Sceidil	Deireadh an Sceidil
2. Fóram Pháirtithe Leasmhara an Aerfoirt						
BBFG	Anita Morris	Ar Siúl (0%)	[Anita Morris] - Bhreithnigh an cúigiú cruinniú de FPLAAC, i measc rudaí eile Máistirphlean Aerfort Átha Cliath. Tá mionsonraí tuarascálacha agus miontuairiscí cruinnithe ar fáil ar www.dasf.ie	25/04/06	01/01/06	31/12/08

Comhtháthú Seirbhísí agus Cuimsitheacht Shóisialta

Gníomhaireacht	Duine	Stadas (%)	Ráiteas	Tugtha chun dáta go deireanach	Tús an Sceidil	Deireadh an Sceidil
12. Croílár Sonraí Fhine Gall						
BFFG	Ciaran Staunton	Ar Siúl (0%)	[Ciaran Staunton] Eagarthóireacht déanta	24/04/06	01/07/06	31/12/06
13. An Coiste Póilíneachta						

“Ó Straitéis go Gníomh”

AGUISÍN A

Fás Daonra

Is í an ghné dhéimeagrafach amháin is tábhachtaí d’Fhine Gall chomh gasta agus atá an contae ag fás. Tá roinnt bealaí le dearcadh air seo.

Rinne Réadlann Scileanna Fhine Gall (RSFG) réamh-mheastacháin daonra i 2004. Baineann na réamh-mheastacháin úsáid as modh déanta réamhaisnéise déimeagrafaí ar a dtugtar Marthanas Cohóirt le dearcadh ar ghnáthfhás an daonra atá ann tríd an torthúlacht móide an ráta ar dóiche tithíocht nua a bheith críochnaithe. Tá roinnt foshuíomh a chuirtear san áireamh fosta:

- fás measartha geilleagrach leanúnach (tairngreacht ESRI)
- leanúint na leibhéal marthanais agus torthúlachta atá ann
- leanúint an luais ag a bhforbraítear talamh criosaithe le haghaidh tithíochta



Measann na réamh-mheastacháin seo ráta fáis 20.5% idir 2002 agus 2006, rud a chiallíonn go bhféadfadh daonra Fhine Gall a bheith chomh hard le 236,629 faoi am an Daonáirimh in Aibreán 2006.

% Ráta Fáis sna tréimhsí idir daonáirimh

1996 – 2002	2002* - 2006	2006 - 2011
17.1	**20.5**	**20.3**

* Daonáireamh 2001 curtha siar

		Daoine	
	2002	**2006**	**2011**
Tuaithe	6,187	6,423	6,799
Baile Brigín	11,132	14,063	18,001
Na Sceirí	10,940	12,734	14,084
Lusca	4,131	5,194	5,971
An Ros	6,759	8,617	9,755
Domhnach Bat	6,141	7,869	10,775
Mullach Íde	11,596	12,720	12,434
Port Mearnóige	8,409	8,058	9,230

Sord	34,576	43,824	53,133
Tuaisceart Bhaile Bhlainséir	11,677	14,970	19,916
Iardheisceart Bhaile Bhlainséir	33,944	41,334	47,548
Oirdheisceart Bhaile Bhlainséir	26,052	32,586	40,340
Binn Éadair/Cill Fhionntain/Baile Dúill	21,283	21,424	22,343
Na Bruachbhailte Thuaidh	3,586	9,300	14,449
FINE GALL	**196,413**	**236,629**	**284,725**

Leagann an léarscáil ar an chéad leathanach eile amach meastacháin daonra Réadlann Scileanna Fhine Gall d'Fhine Gall mar atá ceaptha do Thoghcheantair chónasctha. Táthar ag súil gur i gceantar cónasctha imeall na cathrach a bheidh an ceatadán is airde fás coibhneasta sa tréimhse idirdhaonáirimh, áit a bhfuilthear ag súil le hardú 159%. Táthar ag súil le hardú idir 21% agus 25% i mbeagnach gach ceantar eile. Réamh-mheastar, áfach, nach mbeidh ach ardú 4% sa cheantar cónasctha tuaithe. Nílthear ag súil le titim sa daonra ach i gceantar Phort Mearnóige, áit a bhféadfadh laghdú 4% a bheith ar fhigiúr taifeadtha 2002.

Seachas fás sa daonra, tá trí threocht dhéimeagrafach ar eolas ag an Bhord ar a bhfuil tuilleadh plé agus airde ag teastáil, nó ní hionann an rud atá ag titim amach i bhFine Gall agus an rud atá ag titim amach sa tír agus i Mórcheantar Átha Cliath. Tógtar gach figiúr ó Dhaonáireamh 2002.

Próifíl Aoise

Is iad a dhaoine óga an acmhainn is mó atá ag Fine Gall. Is é 31 bliain meánaois phobal Fhine Gall – níos lú ná áit ar bith eile sa Stát. Is é 35 bliain an mheánaois náisiúnta. Tá próifíl aoise níos airde i gceantair mhóra uirbeacha eile ná mar atá i bhFine Gall; mar shampla, is é 34 bliain an mheánaois i gCathair Átha Cliath agus i Luimneach, agus 35 bliain i gCorcaigh agus i nGaillimh. Cé gur buntáiste é seo, is dúshlán fosta é maidir leis an dóigh a n-eagraímid acmhainní agus seirbhísí.

Eitneachas Athraitheach

Tá comhdhéanamh eitneach Fhine Gall ag athrú go gasta agus léiríonn seo an treocht náisiúnta. Faoi 2002 ba de Phobail Mhionlaigh Eitnigh 9% den daonra agus de réir na meastachán d'fhéadfadh seo a bheith thar 12% i 2006. Tá claonadh ann go mbíonn cion níos mó de náisiúnaigh a tháinig thar sáile i gceantair uirbeacha mar Bhaile Bhlainséir agus Shord thar mar a bhíonn i gceantair thuaithe.

Rannpháirtíocht an Fhórsa Saothair

Tá an leibhéal is airde Rannpháirtíocht Fhórsa Saothair sa Stát i bhFine Gall. Léiríonn seo óige an daonra agus, a bheag nó a mhór, léiríonn sé fosta an ráta laghdaitheach dífhostaíochta le blianta beaga anuas. Tacaíonn an Bord le cuspóir an bheartais náisiúnta – lánfhostaíocht agus cruthú deiseanna nua do dhaoine atá taobh amuigh den fhórsa saothair faoi láthair.

Ráta Rannpháirtíochta an Fhórsa Saothair, na 5 Contaetha is Airde

(Foinse LOS 2002)

Léarscáil Chontae Fhine Gall de réir an Athraithe Daonra a bhfuilthear ag súil leis 2002 – 2006

Daonra Taifeadta 2002
Daonra Réamh-mheasta 2006

AGUISÍN B

BONNLÍNTE TÁSCAIRÍ

Beart	Bonnlínte
1. An Fóram Iompair	Daonáireamh 2002, 2006, LOS
2. Fóram an Aerfoirt	Figiúirí UAAC ar bhainistiú Torainn Figiúirí CO2 UAAC Cruthú post ag Campas an Aerfoirt
3. Infheistiú i bhFine Gall	Na Coimisinéirí Ioncaim Bunachar sonraí Rátaí 2005 (tugtha chun dáta) Cruthú Post i gcóimheas le coinneáil post
4. Branda Contae	I Suirbhé Saoránach 2005, céannaíonn 26% le "Fine Gall" nó le "Contae Fhine Gall"
5. Dífhostaíocht i measc Grúpaí Mionlacha	Daonáireamh 2002, 2006, LOS (ceist speisialta)
6. Oiliúint Éagsúlachta	Suirbhé le déanamh ar chustaiméirí na ngníomhaireachtaí rannpháirteacha
7. Seirbhísí Aistriúcháin	Suirbhé le déanamh ar chustaiméirí na ngníomhaireachtaí rannpháirteacha
8. Iniúchadh ar Mhíchumas	Suirbhé le déanamh ar chustaiméirí na ngníomhaireachtaí rannpháirteacha mar bhonnlíne i ndiaidh 2 bhliain
9. Geilleagar Lucht Siúil	Daonáireamh 2002, 2006, LOS (ceist speisialta)
10. Oideachas	Ráta Coinneála Scoile (bunachar sonraí ROE) Tógáil oiliúna (Bunachar sonraí CGO ar Oideachas do Dhaoine Fásta, córas CFB Fás)
11. An Fóram Sláinte	5.57 (cóngarach don mheán náisiúnta), An Roinn Beartas Pleanála agus Comhshaoil: COBAC
12. An Croílár Sonraí	Tá caiteachas an Státchiste Náisiúnta ar eolas ag an Roinn Rialtais. Chaithfí a mheas d'Fhine Gall bunaithe ar phríomhshonraí
13. An Fóram Póilíneachta	Ceisteanna faoi chóras PULSE d'iarmhairt An Achta Garda Síochána 2005
14. Bealach Fhine Gall	Turasóireacht Fhine Gall Córas CFG Chomhairle Contae Fhine Gall
15. Ag Pleanáil do Ghnóthachain Phobail	Suirbhé Saoránach Fhine Gall 2005, i.e. 26% Sásta nó An-Sásta leis an Phróiseas Pleanála
16. An Ghníomhaireacht Fuinnimh	Laghdú i gcostais fhuinnimh an Údaráis Áitiúil

AGUISÍN C

CRUINNITHE ATHBHREITHNITHE BFFG 2005/6

17ú Eanáir 2005
Treoirlínte ar Athbhreithniú an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil eisithe

10ú Feabhra 2005
Seimineár i bPort Laoise re. An Próiseas Athbhreithnithe

16ú Feabhra 2005
1ú Cruinniú Athbhreithnithe (Cumann Gailf agus Tuaithe Bhaile Uí Rócháin, Sord)
Inchur ó na Comhaltaí
D'éascaigh Seán O'Riordain an cruinniú

23ú Márta 2005
26ú cruinniú den Bhord (Áras an Chontae, Sord)
Plé faoin chéad chéim eile sa Phróiseas Athbhreithnithe
D'éascaigh Seán O'Riordain an cruinniú

18ú Bealtaine 2005
2ú Cruinniú Athbhreithnithe agus Suirbhé ar Chomhaltaí Boird (Áras an Chontae, Sord)

22ú Meitheamh 2005
3ú Cruinniú Athbhreithnithe (Cumann Gailf agus Tuaithe Bhaile Uí Rócháin, Sord)
Tionóladh 6 ceardlann éascaithe (Iompar Comhtháite, Sláinte, Leas, Cúram Leanaí agus Tithíocht, Forbairt Gheilleagrach agus Brandáil, Oideachas, Faisnéis agus Feasacht, An Comhshaol Nádúrtha agus An Comhshaol Tógtha)

21ú Meán Fómhair 2005
27ú Cruinniú Boird/4ú Cruinniú Athbhreithnithe
(Cumann Gailf agus Tuaithe Bhaile Uí Rócháin, Sord)
Comhaontaíodh ar bhunú fhoghrúpaí

12ú Deireadh Fómhair 2005
5ú Cruinniú Athbhreithnithe(Cumann Gailf agus Tuaithe Bhaile Uí Rócháin, Sord)

9ú Samhain 2005
6ú Cruinniú Athbhreithnithe(Cumann Gailf agus Tuaithe Bhaile Uí Rócháin, Sord)

22ú Samhain 2005
Cruinniú CMCS le Bearta i nDréachtStraitéis Athmheasta BBFG a dhíonadh maidir le 3R (Plás na Corónach, Seantreabh)

7ú Nollaig 2005
28ú Cruinniú Boird/7ú Cruinniú Athbhreithnithe
(Cumann Gailf agus Tuaithe Bhaile Uí Rócháin, Sord)

15ú Feabhra 2006
8ú Cruinniú Athbhreithnithe (Áras an Chontae, Sord)

15ú Feabhra 2006
9ú Cruinniú Athbhreithnithe (Áras an Chontae, Sord)

Table to be inserted on page 36.

Cruinnithe na nGrúpaí Gníomhaíochta. Léiríonn ( ) líon na gcruinnithe a tionóladh idir Meán Fómhair agus Mí na Nollag 2005
Foghrúpa Infheistiú Fine Gall (3)
Foghrúpa Brandála (3)
Cosán Coisíochta Fhine Gall (3)
An Ghníomhaireacht Fuinnimh (2)
An Fóram Iompair Chomhtháite (1)
Fóram Pháirtithe Leasmhara Aerfort Átha Cliath (bunaithe Deireadh Fómhair 2005) (4)
Foghrúpa Oiliúint Éagsúlachta/ Neamhnáisiúnach agus Míchumais (3)
Foghrúpa Oideachais (1)

AGUISÍN D

COMHALTAS BOIRD AGUS COISTÍ

Bord Forbartha Fhine Gall

An Rialtas Áitiúil

An Comhairleoir Ciaran Byrne	CBS[1] Pleanála agus Forbartha
Cathaoirleach	CCFG[2]
An Comhairleoir Joan Maher[14]	Cathaoirleach, CCFG
An Comhairleoir Anne Devitt	CBS Pobail, Cultúir agus Ginearálta, CCFG
An Comhairleoir David Healy	CBS Seirbhísí Comhshaoil, CCFG
An Comhairleoir Michael Kennedy	CBS Iompair, CCFG
An Comhairleoir Gerry McGuire	CBS Tithíochta, CCFG
An Comhairleoir May McKeon	Comhairle Baile Bhaile Brigín
John Tierney	Comhairle Contae Fhine Gall

Na Comhpháirtithe Sóisialta

Barbara Brennan	Fóram Pobail agus Saorálach Fhine Gall
Anne Brophy	Fóram Pobail agus Saorálach Fhine Gall
Valerie Henderson	Fóram Pobail agus Saorálach Fhine Gall
Andrew McCann	Fóram Pobail agus Saorálach Fhine Gall
Gail Eames	Fóram Gnó Fhine Gall
Tony Lambert	Fóram Gnó Fhine Gall
Frank O'Leary	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
Tom Simpson	Comhairle Cheardchumann Bhaile Átha Cliath

An Earnáil Stáit

Kevin McCarthy[15]	UFT Éireann
Tony Hannigan	FÁS
Siobhan Moore	Údarás Aerfort Átha Cliath
Noel McCabe	Fiontraíocht Éireann
Catherine McCluskey	Turasóireacht Átha Cliath
Peter Maguire	An Garda Síochána
Mary Meaney	An Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhlainséir
Jim O'Sullivan[16]	An Feidhmeannas Seirbhíse Sláinte
Des Murtagh	CGO Co. Átha Cliath
Colm O'Neill	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Elaine O'Sullivan	Turasóireacht Fine Gall
Lorcan O'Toole	Teagasc
Stephen Falvey[17]	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

[14]Tháinig Joan Maher in ionad Peter Coyle (Mí Iúil 2005)
[15]In ionad Conor Agnew (Feabhra 2006)
[16]In ionad Noel Mulvihill (Samhain 2005)
[17]Chuaigh An Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar an Bhord i Mí Feabhra 2006

AGUISÍN D (Ar lean)

Forbairt Áitiúil

Linda Curran	Comhpháirtíocht Ceantair Bhaile Bhlainséir
Jeanne Deegan	Comhlacht LEADER Átha Cliath Tuaithe
Oisin Geoghegan	Bord Fiontraíochta Contae Fhine Gall
Emer Mulligan	Comhoibriú Fine Gall
Michelle Butler	Coiste Contae Fhine Gall um Chúram Leanaí

An Coiste um Monatóireacht a dhéanamh ar Chuimsitheacht Shóisialta

Andrew McCann Cathaoirleach	Fóram Pobail agus Saorálach Fhine Gall
Michelle Butler	Coiste Contae Fhine Gall um Chúram Leanaí
Linda Curran	Comhoibriú Fine Gall
Ronnie Fay	Pointe Pavee
Brendan Fleming	An Roinn Tithíochta, Comhairle Contae Fhine Gall
Mal Geraghty	An Garda Síochána
Folamh[18]	CGO Co. Átha Cliath
Eddie Matthews	An Feidhmeannas Seirbhíse Sláinte
Emer Mulligan	Comhoibriú Fine Gall
Colm O'Neill	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Kieran O'Reilly	Comhairle Cheardchumann Bhaile Átha Cliath
Breffni O'Rourke	CAPIF Bhaile Bhlainséir
Pat Queenan	An Rannán Pobail, Cultúir agus Spóirt, Comhairle Contae Fhine Gall
Tim Tynan	FÁS
Ciaran Byrne	Cathaoirleach Ex officio, Bord Forbartha Fhine Gall

An Coiste Stiúrtha um Chomhtháthú Feabhsaithe

Anne Brophy	Ionad Acmhainní Teaghlaigh Bhaile Dúill
Michelle Butler	Coiste Contae Fhine Gall um Chúram Leanaí
Linda Curran	Comhpháirtíocht Ceantair Bhaile Bhlainséir
Jeanne Deegan	Comhlacht LEADER Átha Cliath Tuaithe
Joe Doyle	Tascfhórsa Áitiúil Drugaí Bhaile Bhlainséir
Susan Fox	Tionscadal Forbartha Pobail Bhaile an Bhlácaigh
Felix Gallagher	Tionscadal Forbartha Pobail na Coirre Duibhe
Nuala Kane	Tionscadal Forbartha Pobail Mhórcheantar Bhaile Bhlainséir
Emer Mulligan	Comhoibriú Fine Gall
Breffni O'Rourke	CAPIF Bhaile Bhlainséir
Catherine Joyce[19]	Tionscadal Forbartha Lucht Siúil Bhaile Bhlainséir
Eileen Nash	Ionad Acmhainní Teaghlaigh Radharc an Chnocáin
Senan Turnbull	Bord Forbartha Fhine Gall
Hilary Kendlin	Bord Forbartha Fhine Gall

[18]Fiona Hartley go hEanáir 2006
[19]In ionad Mary O'Sullivan

AGUISÍN E

GIORRÚCHÁIN

CCBB	Comhpháirtíocht Ceantair Bhaile Bhlainséir
BFC	Bord Forbartha Contae
CFG	Comhoibriú Fine Gall
CTP	Creat Tacaíochta Pobail
ÚAAC	Údarás Aerfort Átha Cliath
ROE	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
RGST	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
FGFG	Fóram Gnó Fhine Gall
CCFG	Comhairle Contae Fhine Gall
BFCFG	Bord Fiontraíochta Contae Fhine Gall
FPSFG	Fóram Pobail agus Saorálach Fhine Gall
BFFG	Bord Forbartha Fhine Gall
CFG	Córais Fhaisnéise Geografaí
FSS	An Feidhmeannas Seirbhíse Sláinte
CAT	Clár Ardtacaíochta
Ú FT	Údarás Forbartha Tionsclaíochta
ITBB	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir
PCÁ	Plean Ceantair Áitiúil
EFÁ agus FP	Eagraíochtaí Forbartha Áitiúla agus Forbartha Pobail
PFN	An Plean Forbartha Náisiúnta
ONÉ	Ollscoil Náisiúnta na hÉireann
CLÁCTT	Comhlacht LEADER Átha Cliath Tuaithe Teo.
CMCS	An Coiste um Monatóireacht a dhéanamh ar Chuimsitheacht Shóisialta
TDO	Tacaíocht do Dhianoiliúint
TT	Téarmaí Tagartha
GTLS	Grúpa Tacaíochta Lucht Siúil
CGO	Coiste Gairmoideachais

Comhchruinniú Áitritheoirí Nua* i bhFine Gall

*Daonáireamh Is Áitritheoirí Nua daoine atá ina gcónaí ag a seoladh reatha níos lú ná bliain amháin.

Bord Forbartha Fhine Gall
Bosca 174, Áras an Chontae, Sord, Fine Gall, Co. Átha Cliath
Teil: 01 890 5095. Facs: 01 890 5109.
r-phost: fingaldev@fingalcoco.ie
idirlíon: www.fdb.ie